








Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding the arts
artscouncil.ie

# STRAITÉIS BONNEAGAIR EALAÍON UÍBH FHAILÍ 2023-2028

# STRAITÉIS BONNEAGAIR EALAÍON UÍBH FHAILÍ
2023-2028

Arna choimisiúnú ag
Oifig Ealaíon
Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí

Taighde agus scríobh le Caoimhín Corrigan agus
Siobhán O'Malley, People Place Consulting Ltd,
2021–2022

# An Clár


An Brollach — Leathanach 1

Achoimre Fheidhmeach — Leathanach 2

An Réamhrá — Leathanach 4

Comhthéacs Beartais — Leathanach 5

Bonneagar i gComhthéacs — Leathanach 24

a. Biorra – Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra — 25

b. Éadan Doire – Saoráid Chomhtháite Leabharlainne agus Ealaíon a Bheartaítear le haghaidh Éadan Doire — 33

c. Tulach Mhór – Esker Arts — 42

d. Loch na Buaraí - Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí — 50

Moltaí Straitéiseacha — Leathanach 59

# An Brollach



**An Comh. Eddie Fitzpatrick**
An Cathaoirleach, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

De bharr na ndúshlán atá romhainn i dtéarmaí éiginnteachtaí geilleagracha, an ghá atá ag méadú le comhtháthú sochaíoch agus na haeráide atá ag athrú, tá sé ag éirí níos tábhachtaí ná riamh go dtiocfaimis ar bhealaí nua agus samhlaíocha chun a chinntiú go mairfidh agus go mbeidh rath ar ár n-eagraíochtaí ealaíon bonneagair. Is iad ár n-eagraíochtaí ealaíon cnámh droma an tsoláthair ealaíne d'ardchaighdeán agus chláreagrú na healaíne forbartha, agus iad ag cothú agus cosaint fholláine ár sochaí.

Bhí coimisiúnú an taighde seo tráthúil. Bhí sé d'aidhm leis na comhpháirtíochtaí comhoibríocha atá i bhfeidhm cheana féin a chur san áireamh, comhpháirtíochtaí a tógadh le blianta fada anuas idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra, agus idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Bord na Móna, Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí. Cuireadh san áireamh freisin na tionscadail chaipitil atá ar bun faoi láthair, ina measc an comhoibriú idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus coiste Ionad Ealaíon Pobail Thulach Mhór; le forbairt Esker Arts i dTulach Mhór agus bunú Esker Arts CLG, agus forbairt spás Leabharlainne/Ealaíona Éadan Doire atá á phleanáil faoi láthair. Ba é aidhm an taighde machnamh a dhéanamh ar chreat chun caidreamh oibre forásach a bheidh tairbhiúil do gach páirtí a thógáil ar mhaithe le rannpháirtíocht chultúrtha níos fearr agus chun an cháil áitiúil agus náisiúnta a fheabhsú d'Uíbh Fhailí.

Ba mhaith linn buíochas faoi leith a ghabháil leis na páirtithe leasmhara ar fad a roinn a gcuid ama go fial i rith an phróisis comhairliúcháin.

Eddie Fitzpatrick

An Comh. Eddie Fitzpatrick



**Anna-Marie Delaney**
An Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

Laistigh de shainchúram Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, tá an ról a bhaineann le tacú le heagraíochtaí Bonneagair Ealaíon sa Chontae agus iad a fhorbairt. Mar a phléitear i Straitéis Ealaíona Chontae Uíbh Fhailí 2018–2022, is sprioc de chuid na hOifige Ealaíon é: *"Tacú le forbairt coincheap agus samhlacha le haghaidh spásanna, idir reatha agus fhéideartha, a ailíníonn le léiriú agus cur i láthair ealaíne nuálaí, le rannpháirtíocht fiontar áitiúil agus chathartha."* Teastaíonn pleanáil straitéiseach ar leibhéal an Chontae dó sin chun a chinntiú go bhfuil gach eagraíocht ag obair, ní hamháin laistigh de chreat an Chontae, ach freisin laistigh den chreat Náisiúnta a thugtar in Athbhreithniú na Comhairle Ealaíon ar Ionaid Ealaíon agus Tionóil agus i mBeartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon le haghaidh Ionad Ealaíon 2019, ag a bhfuil an cuspóir 'straitéis chomhordaithe spáis a fhorbairt chun bonneagar tógtha do na healaíona a thacú agus a fhorbairt'.

Rinne Caoimhín Corrigan agus Siobhán O'Malley ó People Place Consulting an taighde don Straitéis Bonneagair Ealaíon, a choimisiúnaigh Oifig Ealaíon Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, idir 2021–2022 agus ghlac comhaltaí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí í in Eanáir 2023.

Beidh an taighde sin ríthábhachtach chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt na chéad Straitéise Ealaíon eile in Uíbh Fhailí le haghaidh 2023–2028, rud atá ar bun faoi láthair.

Anna-Marie Delaney

# Achoimre Fheidhmeach

Tá athruithe suntasacha ag tarlú laistigh de thírdhreach an bhonneagair ealaíon in Uíbh Fhailí, agus in Éirinn trí chéile. Cruthaíonn na hathruithe sin deiseanna móra do na healaíona, ach éilíonn siad straitéis chomhtháite freisin ionas gur féidir na deiseanna sin a thapú ar mhaithe le Contae Uíbh Fhailí, agus i bhfianaise an mhéid a d'fhéadfadh na healaíona comhaimseartha i Lár na Tíre cur leis an bhfolláine chultúrtha náisiúnta.

Aithníonn Comhairle Chontae Uíbh Fhailí gur sainaithníodh ceithre thionscadal príomhbhonneagair ealaíon sa chontae. Is iad na tionscadail bonneagair sin:

- Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra;
- An spás ealaíon comhtháite leis an bhforbairt leabharlainne a bheartaítear le haghaidh Éadan Doire;
- Esker Arts, lonnaithe i dTulach Mhór; agus
- Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí.

Bunaíodh Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra agus Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí thart ar 20 bliain ó shin. Tá clú agus cáil ar Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra ar fud an chontae agus níos faide i gcéin. Tá an-chlú ar Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí (LBSP) freisin, ach níl aon choimisiún nua ann ó 2010. Tá luach beagán le cois €2m ar an mbailiúchán sa Pháirc Dhealbhóireachta agus, i gcomhthéacs an ghníomhaithe ar son na haeráide, an aistrithe chóir agus na hacmhainneachta iarthionsclaíche, tá a ról i dtírdhreach na hÉireann – idir shóisialta, chultúrtha, gheilleagrach agus fhisiciúil – níos tábhachtaí ná riamh.

Léiríonn an togra le haghaidh spás nua leabharlainne agus ealaíon in Éadan Doire samhail nua don soláthar cultúrtha. Laistigh den tsamhail sin, tá ainmniú agus an infheistíocht a dheimhnigh an tionscadal Éadan Doire Cruthaitheach mar bhonn agus taca ag an uaillmhian le haghaidh na n-ealaíon, rud a chruthaíonn deis ar leith d'Éadan Doire uaillmhian agus acmhainneacht an spáis ealaíon bheartaithe a mhúnlú.

Shainaithin an Chomhairle Ealaíon i bhfad ó shin go bhfuil gá le hionad nua ealaíon, Esker Arts, a fhorbairt i mBaile Contae Thulach Mhór, agus tá sé suite go maith laistigh de bheartais pleanála spásúla. Leagann a raon feidhme agus an acmhainneacht a bhaineann leis luach breise mar sin féin ar chinntiú go ndéantar ionchur agus luach an raoin bonneagair ealaíon ar fud Uíbh Fhailí a chur in iúl go soiléir agus a thuiscint.

Leagtar amach sa Straitéis Bonneagair Ealaíon seo an comhthéacs beartais le haghaidh an bhonneagair ealaíon in Uíbh Fhailí. Chomh maith leis sin, tugann an straitéis cúlra agus comhthéacs le haghaidh na gceithre dtionscadal shainaitheanta, ina gcuimsítear úinéireacht agus rialachas, ullmhacht bonneagair agus spásanna atá ar fáil, cúrsaí foirne, straitéis agus tosaíochtaí cláir do gach tionscadal, i dteannta na bpríomh-chomhpháirtíochtaí agus maoiniú ioncaim.

Caithfear tús áite a thabhairt anois do gach tionscnamh a bheith ag obair ó shuíomh neartaithe, athnuaite agus gur féidir spiorad na comhpháirtíochta, a threoraigh na forbairtí go dtí seo, a chothú le go dtabharfaidh siad aghaidh ar dhúshláin a thagann chun cinn amach anseo.

**Déantar cúig mholadh sa Straitéis Bonneagair Ealaíon seo:**

## Straitéis Bonneagair Ealaíon – Cúig Mholadh

1

Go ndíreodh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí infheistíocht ar na ceithre thionscadal príomhbhonneagair ealaíon shainaitheanta.

2

Go n-aistreofaí fócas Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus a hOifige Ealaíon chuig ról níos straitéisí agus níos cumasaí, nach mbeadh chomh gafa céanna le forbairt clár, agus a bheadh níos rannpháirtí i dtacú le príomhbhonneagar ealaíon chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus tosaíochtaí straitéiseacha Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a bhaint amach.

3

Go dtacódh infheistíocht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i dtionscadail príomhbhonneagair ealaíon shainaitheanta le hailíniú le beartas na Comhairle Ealaíon anois agus amach anseo.

4

Go gcuirfí cur chuige aontaithe ceannaireachta i bhfeidhm chun tacú leis an ról forbartha a theastaíonn don ionad nua ealaíon i dTulach Mhór agus Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí.

5

Go mbunódh agus go stiúrfadh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí tionscnamh comhpháirtíochta chun tacú le comhar idir na ceithre thionscadal príomhbhonneagair ealaíon.

# 1. An Réamhrá

Leagtar amach sa tuarascáil seo an anailís agus na moltaí straitéiseacha le haghaidh bonneagar ealaíon straitéiseach in Uíbh Fhailí. D'fhostaigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí People Place Consulting chun measúnú a dhéanamh ar an gcomhthéacs le haghaidh fhorbairt agus inbhuanaitheacht an bhonneagair ealaíon agus cultúrtha i gContae Uíbh Fhailí, agus moltaí a dhéanamh a chuirfeadh bonn eolais faoi infheistíocht agus tacaíocht an údaráis áitiúil sa phríomhbhonneagar ealaíon, a shainítear mar:

- *Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra;*
- *Saoráid chomhtháite leabharlainne agus ealaíon a bheartaítear le haghaidh Éadan Doire;*
- *Esker Arts, lonnaithe i dTulach Mhór; agus*
- *Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí*

Iarradh freisin le haghaidh fócas ar an gcaoi is fearr le forbairtí an ionaid ealaíon i dTulach Mhór agus an spáis chomhtháite leabharlainne agus ealaíon in Éadan Doire a chomhtháthú leis an mbonneagar atá ann cheana féin – is é sin Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí, agus Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra – chun tairiscint agus infheictheacht fhoriomlán chultúrtha Uíbh Fhailí a neartú.

Léirítear sa phlé leis an gComhairle Ealaíon go bhfuil an maoiniú a lorgaíonn agus a fhaigheann ealaíontóirí agus eagraíochtaí in Uíbh Fhailí níos ísle ná mar a bheifeá ag súil leis i dtaobh a dhaonra, a shuímh agus a chomhthéacs chultúrtha. Tuigtear go bhfuil an easpa bonneagair agus eagraíochtaí ilghnéitheacha ar an bpríomhchúis leis sin agus, cé go bhfuil tionscnaimh sheanbhunaithe agus ealaíontóirí clúiteacha in Uíbh Fhailí, aithníonn na hinfheistíochtaí bonneagair atá ar bun ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta, an acmhainneacht shuntasach a bhaineann le tuilleadh forbartha ar na healaíona in Uíbh Fhailí.

Cuirtear san áireamh sa tuarascáil:

- *an comhthéacs reatha don bhonneagar ealaíon agus cultúrtha ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta;*
- *athbhreithniú ar an bpríomhbhonneagar ealaíon in Uíbh Fhailí faoi láthair agus a bheartaítear; agus*
- *an comhthéacs do na samhlacha oibríocha a ailíníonn le léiriú agus cur i láthair ealaíon nuálach/cruthaitheach, le rannpháirtíocht fiontar áitiúil agus chathartha.*

Tarraingítear aird sa tuarascáil ar na príomhláidreachtaí, na dúshláin fhéideartha agus na gnéithe uathúla díolacháin le haghaidh na gceithre phríomhthionscadal bonneagair ealaíon (a ainmnítear thuas). Féachtar freisin sa tuarascáil le feiceáil cén chaoi a bhféadfadh an bonneagar ealaíon in Uíbh Fhailí ailíniú agus comhoibriú ar bhealach comhtháite comhlántach, chun bheith mar bhonn faoi fhorbairt inbhuanaithe gach ionaid agus an tionchar comhpháirteach a d'fhéadfadh na healaíona in Uíbh Fhailí a bhrú chun cinn.

# 2. Comhthéacs Beartais

### 2.1 Tionscadal Éireann 2040

Is é Tionscadal Éireann 2040 Creat Pleanála Náisiúnta na hÉireann. Leagtar amach ann ordlathas lonnaíochtaí agus bonneagair ghaolmhair le haghaidh cathracha, bailte, sráidbhailte agus lonnaíochtaí níos lú. Faoin ordlathas sin (lch 83), maidir leis an mbonneagar sóisialta:

- *Ba cheart go mbeadh ionad ealaíon agus cultúir i mbailte ina bhfuil daonra os cionn 10,000,*
- *Ba cheart go mbeadh ionad pobail, saoráid spóirt agus seirbhísí leasa i mbailte ina bhfuil daonra níos lú ná 10,000*

Leagtar amach freisin i dTionscadal Éireann 2040 daonraí bailte de réir dhaonáireamh 2016, agus luaitear go bhfuil daonra 4,370 i mBiorra, daonra 7,359 in Éadan Doire, agus daonra 14,607 i dTulach Mhór. Ag tógáil go díreach ar an ordlathas mar threoir le haghaidh lonnaíochtaí, luaitear freisin i dTionscadal Éireann 2040 go bhfuil gá le hÉirinn éagsúil agus chuimsitheach a thógáil (lch 84).

### 2.2 Culture 2025 – Éire Ildánach: Creatbheartas Náisiúnta Cultúir go dtí an bhliain 2025

Is é seo beartas for-réiseach an Rialtais chun glacadh go fonnmhar le hearnáil chultúir agus chultúrtha na hÉireann. Bunaíodh é bunaithe ar na luachanna a leanas:

- *An fiúntas a bhaineann go dlúth le cultúr.*
- *An fiúntas atá le healaín, cultúr agus oidhreacht i saol an duine agus i saol an phobail*
- *An ceart atá ag gach duine páirt a ghlacadh i saol cultúir agus i saol cruthaitheachta an náisiúin.*
- *An tábhacht atá leis an nGaeilge, leis an gcultúr oidhreachta, leis an mbéaloideas, le cluichí, le ceol agus le sainiúlacht na gceantar Gaeltachta.*
- *An fiúntas atá le hiléagsúlacht cultúir a thagann faoi anáil na dtraidisiún agus na gcúlraí sóisialta a bhaineann le hÉirinn an lae inniu.*
- *An fiúntas atá leis an gcultúr mar mhodh chun todhchaí níos inmharthana a thabhairt i gcrích in Éirinn, tríd an mbeartas eacnamaíochta, an beartas timpeallachta, an beartas sóisialta agus eile.*
- *An fiúntas atá leis an gcultúr maidir le hÉirinn a chur i láthair an domhain.*

Ó tharla nach ndearnadh forbairt iomlán ar an mbonneagar ealaíon in Uíbh Fhailí (go dtí an infheistíocht mhór chomhoibríoch idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; le forbairt Esker Arts i dTulach Mhór); tá deis le haghaidh tuilleadh forbartha ag na luachanna sin in Uíbh Fhailí.

### 2.3 Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht 2018–2027 – as ábhar oifigiúil faoin tuarascáil nó an tuarascáil féin

Leagtar amach in Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht 2018–2027 pleananna an Rialtais le haghaidh infheistíocht shuntasach de réir a chéile go dtí 2027. Tacóidh an infheistíocht sin le cur chuige nua-aimseartha agus forásach i leith ár gcultúr, ár dteanga agus ár n-oidhreacht a fhorbairt agus a chosaint. I measc na dtosaíochtaí infheistíochta a bhaineann leis an tuarascáil seo tá: ar leibhéal áitiúil, infheistíocht i mbonneagar ealaíon agus cultúir ar fud na tíre (€40), infheistíocht i léiriúchán na meán agus sa tionscal closamhairc (€200m), infheistíocht inár bpáirceanna náisiúnta (€50m), ceiliúradh a dhéanamh ar ár n-oidhreacht fhoirgnithe

agus infheistíocht a dhéanamh inti (€60m), ár n-oidhreacht nádúrtha agus an bhithéagsúlacht a chosaint (€60m). Aithnítear in Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht 2018-2027 go bhfeidhmíonn na healaíona agus an cultúr mar bhonneagar daingean sóisialta agus is buntaca iad d'fholláine an duine aonair.

### 2.4 Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017–2021

Áirítear ar phríomhchuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht 2017–2021 borradh a chur faoi bhearta caomhnaithe chun talamh portaigh a aisiompú, troid in aghaidh leathadh speiceas coimhthíoch ionrach, Pleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta áitiúla a chur i bhfeidhm, agus infheistiú i scéimeanna agra-chomhshaoil. Aithnítear go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta an gá le réitigh chun dul i ngleic le brú éagsúil, ina measc athrú aeráide agus maoiniú caomhnaithe bithéagsúlachta.

Aithnítear go bhfuil tábhacht faoi leith le rannpháirtíocht an phobail ar an leibhéal áitiúil chun feasacht a mhéadú agus rannpháirtíocht in oidhreacht nádúrtha a chosaint a éascú. Beidh braistint úinéireachta agus freagrachta as caomhnú a chothú ríthábhachtach d'infheistíocht agus le bheith mar bhonn faoi cháilíocht na n-earnálacha turasóireachta agus caitheamh aimsire. I gcomhthéacs Uíbh Fhailí, cuireann na healaíona agus an cultúr deiseanna suntasacha ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht chruthaitheach leis an mbithéagsúlacht, go háirithe i gcás Loch na Buaraí.

### 2.5 Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann Beartas Forbartha Tuaithe na hÉireann 2021-2025

Aithnítear in Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann na róil thábhachtacha le haghaidh cultúir, oidhreachta agus na dtionscal cruthaitheach chun tairiscint thuaithe na hÉireann a neartú le haghaidh daoine óga, shláinte agus fholláine an phobail, turasóireachta agus na forbartha geilleagraí. Sprioc inghnóthaithe thábhachtach de chuid Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann is ea 'infheistíocht a chur ar fáil do spásanna ilchuspóireacha sa phobal (e.g. ionaid phobail, leabharlanna agus cumainn spóirt) do réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear soláthar fóillíochta, pobail, cultúir agus seirbhísí'. Cuireann ionad ealaíon/cultúrtha féidearthacht láidir ar fáil mar áit ina dtiocfaidh daoine le chéile, i spás ilchuspóra. Toisc nach bhfuil ionad pobail in Éadan Doire, cuirfidh an spás leabharlainne/ealaíon spás tábhachtach ilchuspóra ar fail mar phointe nasctha don phobal.

I gcás daoine óga, is spéisiúil go ndeirtear sa chomhairliúchán le páirtithe leasmhara gur 'tugadh ar aird freisin gur minic a bhíonn easpa éagsúlachta sna gníomhaíochtaí atá ar fáil do dhaoine óga i gceantair thuaithe lasmuigh de spóirt', rud a thugann le fios go n-aithnítear sa bheartas an tábhacht a bhaineann le spásanna le haghaidh rannpháirtíocht chultúrtha agus cruinnithe do dhaoine óga.Luaitear sa bheartas forbartha tuaithe sin 'mar gheall ar an bhfadhb leanúnach maidir le daoine óga a bheith ag bogadh ó cheantair thuaithe gan filleadh arís chun maireachtáil iontu, tá easpa tallainne agus fiontraithe i bpobail tuaithe a d'fhéadfadh a bheith ann. Ceiltear ceantair thuaithe ar chohórt a d'fheadfadh a bheith ina rannpháirtithe barrthábhachtacha sa tsochaí, ina bpobal féin agus i ngeilleagar na háite'. Tríd an mbeartas seo, 'leagtar béim faoi leith ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine óga i gceantair thuaithe d'fhonn rannpháirtíocht ghníomhach uathu a spreagadh i ndáil le saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar a saol laethúil, a n-acmhainní ceannasaíochta a fhorbairt'. Is fiú a thabhairt faoi deara gur réimsí iad sin (ceannaireacht agus rannpháirtíocht ghníomhach)

> "cumhacht a thabhairt do phobail áitiúla agus sláinte agus folláine an phobail a fheabhsú trí thacú le hoidhreacht, ealaíona, gníomhaíochtaí cultúir"

ina n-éiríonn thar cionn leis na healaíona. Gealltar freisin 'cumhacht a thabhairt do phobail áitiúla agus sláinte agus folláine an phobail a fheabhsú trí thacú le hoidhreacht, ealaíona, gníomhaíochtaí cultúir agus gníomhaíochtaí eile chun dul i ngleic le saincheisteanna sóisialta mar chomhtháthú, aonrú tuaithe agus sláinte mheabhrach'. Maidir le tacú le fostaíocht agus slite beatha i gceantair thuaithe (Caibidil 4), luaitear an t-ailíniú dlúth idir turasóireacht agus cultúr in Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, rud a mheallann 'cuairteoirí thar lear chun taithí a fháil ar ár dtairiscint chultúrtha uathúil, chomh maith le cur le folláine na bpobal áitiúil agus tacú le poist in go leor ceantar tuaithe'. Tá an t-ailíniú sin an-ábhartha do shainiú Bhiorra mar 'Bhaile Cinn Scríbe'. Ar deireadh, deirtear in Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann go dtacaíonn 'na Tionscail Chruthaitheacha le poist i réimsí mar Chultúr agus Oidhreacht, Na hEalaíona Taibhithe, Teilifís, físeáin agus scannáin, forbairt bogearraí agus cluichí ríomhaireachta, na hAmharcealaíona, dearadh, ceardaíocht agus ailtireacht'. Tá an cumas ag an earnáil seo le haghaidh fás láidir, agus fostaíocht ardchaighdeáin a ghiniúint i gceantair thuaithe. Is tionscnaimh shuntasach iad FilmOffaly agus Féile Scannán OFFline chun leas a bhaint as acmhainneacht na hearnála sin in Uíbh Fhailí. Chomh maith leis sin, i measc aidhmeanna Chúirt Chruthaitheach Bhiorra a bheartaítear tá tacú le lucht na n-ealaíon áitiúil agus iad a chothú trí dheiseanna nascadh le cleachtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta i scéim cónaitheachta, rud a d'ardódh an uaillmhian agus an acmhainneacht don earnáil chruthaitheach áitiúil.

Tá an fhís go mbeadh deis ag gach duine in Éirinn an acmhainn chruthaitheachta atá iontu a thabhairt in inmhe agus chun foirfeachta lárnach d'éiteas an chláir Éire Ildánach.

### 2.6 An Clár Éire Ildánach

Is clár cultúir agus folláine uile-rialtais é an clár Éire Ildánach a spreagann agus a athraíonn daoine, áiteanna agus pobail ó bhonn tríd an gcruthaitheacht. Bunaíodh Éire Ildánach in 2017 mar chlár cúig bliana a d'eascair as Éire 2016, an tionscnamh stáit ar éirigh thar cionn leis chun comóradh a dhéanamh ar chéad bliain ó Éirí Amach na Cásca. Tá an fhís go mbeadh deis ag gach duine in Éirinn an acmhainn chruthaitheachta atá iontu a thabhairt in inmhe agus chun foirfeachta lárnach d'éiteas an chláir Éire Ildánach. Tacaítear leis an bhfís i ngach contae trí Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta a chuireann foireann cultúir i gcrích laistigh de gach údarás áitiúil, a dtugtar faoi trí chúig phríomhcholún an chláir Éire Ildánach:

### Éire Ildánach – Cúig Cholún

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh.

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal.

**Colún 3**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir.

**Colún 4**
Na Tionscail Chruthaitheacha: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta.

**Colún 5**
Tá Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile agus rochtain lárnach don fhís sin. Féachtar freisin ar ealaíontóirí agus léiritheoirí cruthaitheacha eile a nascadh le pobail mar ghné riachtanach do bhaint amach na físe.

D'fhoilsigh an clár Éire Ildánach staidéar neamhspleách freisin dar teideal **'Engaging the Public on Climate Change through the Cultural and Creative Sectors'**. Sainaithnítear sa tuarascáil (a chuir M-CO i dtoll a chéile) an ról a imríonn cultúr agus cruthaitheacht in:

- Lucht spéise nua a dhéanamh rannpháirteach – lucht spéise ina measc ar beag an seans go gcuardóidís eolas nó go bhfreastalóidís ar imeachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide;
- Feasacht agus tuiscint a mhéadú – ina measc maidir le raon feidhme agus scála an dúshláin aeráide agus cumas daoine gníomhú;
- Luachanna agus creidimh dhifriúla a fhiosrú – glacadh le teannais agus aird a tharraingt ar chórais luachanna agus dearcthaí difriúla;
- Spás a chruthú le haghaidh plé fiúntach – inar féidir le rannpháirtithe éagsúla plé cothrom a dhéanamh ar níos mó ná dúshláin; ag samhlú na todhchaí agus na réiteach nó na gcomhbhabhtálacha a d'fhéadfaimis a thabhairt chomh fada leis; agus
- Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla – mar a bhféadfadh eagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha ceannaireacht a léiriú i ngníomhú ar son na haeráide ina n-oibríochtaí.

Luaitear freisin sa tuarascáil na rioscaí agus na húdair imní atá ina gcuid lárnach de phróisis agus léiriúchán cultúrtha, sa chás go mbíonn oibreacha cultúrtha níos dírithe ar cheisteanna ná ar fhreagraí go minic. Is féidir leis sin baol a chruthú go mbraithfeadh rannpháirtithe nach bhfuil aon chumhacht acu gníomhú ar an bhfeasacht a chruthaítear. Os a choinne sin, má dhírítear cleachtóirí cruthaitheacha i dtreo smaointe nó réitigh áirithe a chur chun cinn, bhreathnófaí ar 'ionstraimiú' dá leithéid mar ábhar a chuireann as d'ionracas cruthaitheach na gcleachtóirí agus a bhaineann an bonn d'ionracas an tionscadail nó cláir dá leithéid.

Ag tógáil ar an tuarascáil sin, sheol an clár Éire Ildánach an Ciste um Ghníomhú Cruthaitheach don Aeráid le deireanaí, ciste a fhéachann le ceangal fiúntach a chothú idir daoine agus na hathruithe suntasach atá ag tarlú inár gcomhshaol, sa tsochaí agus sa gheilleagar mar gheall ar athrú aeráide.

### 2.7 Ár Leabharlanna Poiblí 2022

Tagraíonn Ár Leabharlanna Poiblí do ról suntasach cultúrtha na leabharlann poiblí, a bhí lárnach do sholáthar agus comhordú Deich mBliana na gCuimhneachán 2012-2022 agus Éire Ildánach 2017-2022 araon. In Uaillmhian 'Ár Leabharlanna Poiblí 2022', neartaítear an leabharlann mar áit ag croílár an phobail ina dtugtar treoir agus tacaíocht a thabhairt thar réimse fairsing, ina measc léitheoireacht agus litearthacht; foghlaim ar feadh an tsaoil do gach aois; gnó agus fostaíocht; maireachtáil shláintiúil agus fholláin (lch 17). Leagtar amach trí chlár straitéise chun forbartha seirbhíse sa tuarascáil, ina measc léitheoireacht agus litearthacht, foghlaim agus faisnéis, agus pobal agus cultúr. Áirítear leis na cláir straitéise sin ceangaltais go n-oibreofar 'le comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta chun leabharlanna a bhunú mar ionad pobail, cathrach agus cultúir laistigh dá gceantair áitiúla'.

Leagtar béim láidir in Ár Leabharlanna Poiblí freisin ar an litearthacht dhigiteach, agus deirtear go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an raon iomlán teicneolaíochta agus trealaimh ag leabharlanna chun tacaíocht a thabhairt do lucht úsáide de gach cineál, mar shampla, spásanna staidéir, criosanna foghlama do dhaoine fásta, teicneolaíochtaí cuidithe, spásanna nuálaíochta, seomraí digiteacha agus saoráidí deasc sealaíochta. Cuirtear bonn faoin mbéim sin le ceangaltais oiliúint a sholáthar sna teicneolaíochtaí is nua-aimseartha don lucht úsáide agus comhoibriú le dearthóirí, le saineolaithe bogearraí agus le déantóirí chun an fhoireann a oiliúint in úsáid na teicneolaíochta, chomh maith le ranga teagaisc a sholáthar don phobal. Agus na teicneolaíochtaí is nuaí iontu *'is féidir leo deis a thabhairt don lucht úsáide chun triail a bhaint as dearadh 3T, priontáil, dearadh gréasáin agus grafach, códú ríomhaire, déanamh ciorcaid agus dearadh cluiche'* (lch 39).

### 2.8 Gníomhú ar son na hAeráide agus Aistriú Cóir

Ar an leibhéal domhanda (na Náisiúin Aontaithe, an Fóram Eacnamaíoch Domhanda), ar an leibhéal Eorpach (an Comhaontú Glas Nua, an tAontas Eorpach agus an tAistriú Digiteach), agus in Éirinn ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, tá an aeráid agus an inbhuanaitheacht ar bharr chlár oibre gach duine.

In **Plean Gnímh don Aeráid 2021** de chuid na hÉireann, tá caibidil ar leith ann faoin "Plean Chur Chun Feidhme um Aistriú ar bhonn Ceartais do Réigiún Lár na Tíre", ina n-aithnítear go raibh *'an tionscal móna agus giniúint cumhachta ghaolmhar thar a bheith tábhachtach do réigiún Lár na Tíre ó thaobh eacnamaíochta, cultúir agus sóisialta de'* (lch 48). Luaitear sa phlean freisin gur ceapadh Coimisinéir um Aistriú ar bhonn Ceartais ag a bhfuil an sainordú na gnéithe riachtanacha a bhaineann le haistriú ar bhonn ceartais do na hoibrithe agus do na pobail sin a mholadh don rialtas. Luaitear freisin in Plean Gnímh don Aeráid 2021 gur bunaíodh Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre ag a bhfuil an sainordú deiseanna maoinithe a shaothrú chun tionchar na gcaillteanas post ar dhaoine aonair agus ar an ngeilleagar réigiúnach a mhaolú, cineálacha eile fostaíochta a fhorbairt, infheistíocht a mhealladh, agus deiseanna fostaíochta agus acmhainní reatha a uasmhéadú.

Chuir an Coimisinéir um Aistriú ar bhonn Ceartais, Kieran Mulvey, ceithre **Thuarascáil maidir le Dul Chun Cinn an Aistrithe Chóir** faoi bhráid an Rialtais (Aibreán 2020, Meán Fómhair 2020, Nollaig 2020, agus Nollaig 2021).

Luaitear sa chéad tuarascáil go léiríonn Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí (lch 46) 'sócmhainn náisiúnta den chéad scoth agus seoid atá i bhfolach ar an saol. Léiríonn sé an méid is féidir a bhaint amach le pleanáil chomhoibríoch idir seirbhísí Stáit'. Sainaithnítear go gcuireann comhpháirtíochtaí straitéiseach idir Bord na Móna, ESB, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Coillte, Údaráis Áitiúla agus Uiscebhealaí Éireann, deis gan sárú ar fáil chun acmhainneacht teaghlaigh, ghníomhach agus turasóireachta a fhorbairt níos mó ar fud lár na tíre ar fad.

Luaitear sa chéad tuarascáil go léiríonn Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí 'sócmhainn náisiúnta den chéad scoth agus seoid atá i bhfolach ar an saol.

'Luaitear sa tuarascáil an grá mór agus an mórtas ceantair a luaigh an lucht bainistíochta agus na fostaithe as a n-ionaid oibre, a gceardlanna, na monarchana giniúna agus na portaigh féin. Ba cheart leas a bhaint as an bpaisean comhpháirteach sin agus é a thaifeadadh don ghlúin seo agus dóibh siúd atá le teacht. Is cuid thábhachtach dár dtraidisiún agus dár stair thuaithe é, agus dár ndul chun cinn mar náisiún le seachtó bliain anuas'.

Deirtear i dtuarascáil Aibreán 2020 gur bunaíodh grúpa idir-rannach faoi stiúir an Taoisigh chun obair an Rialtais a chomhordú, ina measc ranna atá freagrach as cultúr, forbairt pobail agus tuaithe agus oidhreacht agus rialtas áitiúil. Luaitear i dtuarascáil Aibreán 2020 freisin (lch 47) 'an grá mór agus an mórtas ceantair a luaigh an lucht bainistíochta agus na fostaithe as a n-ionaid oibre, a gceardlanna, na monarchana giniúna agus na portaigh féin. Ba cheart leas a bhaint as an bpaisean comhpháirteach sin agus é a thaifeadadh don ghlúin seo agus dóibh siúd atá le teacht. Is cuid thábhachtach dár dtraidisiún agus dár stair thuaithe é, agus dár ndul chun cinn mar náisiún le seachtó bliain anuas'.

Moltar sa tuarascáil 'Ionad Athraithe Aeráide' a bhunú i Lár na Tíre. Bheadh sé mar chuspóir ag ionad mar sin ionad eolais do chuairteoirí a chruthú chun taifeadadh a dhéanamh ar phróiseas athraitheach Lár na Tíre chuig geilleagar ísealcharbóin agus éicinbhuanaitheacht bheartais agus chláir athraithe aeráide na hÉireann. Ba cheart stair agus cuimhní Bhord na Móna agus ghníomhaíocht ESB le seachtó bliain anuas a chuimsiú i gcartlann lárnach grianghraf/stairsheanchais amháin.

D'fhéadfaí an t-ionad a úsáid chun freastal ar chuairteanna ó bhunscoileanna agus meánscoileanna, cuairteanna ó scoláirí idirbhliana go háirithe, chun tacú le hoideachas aeráide, imshaoil agus eolaíochtaí nádúrtha eile.

Tarraingítear aird sa tuarascáil freisin ar chaillteanas ioncaim rátaí, a bheidh mór go maith do Chomhairlí Contae Uíbh Fhailí agus an Longfoirt, agus 'a imreoidh tionchar ar sholáthar seirbhísí lárnacha agus lánroghnacha na gComhairlí'. Deirtear freisin go mbeadh sé thar a bheith éagórach i gcúinsí nach raibh na húdaráis áitiúla freagrach astu ar chor ar bith, agus i gcás cinneadh nach bhfuil súil leis go 2027, go mbeadh na comhairlí sin thíos leis na caillteanais sin.

Luaitear i dtuarascáil Nollaig 2020 gur bunaíodh ceithre mheitheal faoi Fhoireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre a bhain le (1) oideachas, oiliúint agus taighde; (2) giniúint fostaíochta; (3) Conairí Leanúnachais Fostaíochta; agus (4) Clár Cúnaimh Pobail / Idirghabhálacha Fiontair Shóisialta. Tarraingítear aird freisin sa tuarascáil ar infheistíocht €31m an Rialtais chun tacú leis an Aistriú Cóir chomh maith le deiseanna maoinithe breise, agus forbairt Pleananna Críochacha um Aistriú Cóir i ngach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh.

Cabhróidh an Plean Críochach le hinfheistíocht an Aontais Eorpaigh a threorú sa réimse seo a d'fhéadfadh aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta, dhéimeagrafacha, gheilleagracha, shláinte agus chomhshaoil.

Tugtar ar aird i bhfreagairt an Rialtais ar an gcéad Tuarascáil maidir le Dul Chun Cinn an Aistrithe Chóir an togra chun Ionad Athraithe Aeráide agus Aistrithe Chóir a fhorbairt. Thug an Rialtas nuashonrú freisin in Iúil 2021 ar chur i bhfeidhm an Chláir Aistrithe Chóir i Lár na Tíre. Luaitear i nuashonrú Iúil 2021 (inter alia) infheistíocht €10m faoi Chlár LIFE an Aontais Eorpaigh don chuibhreannas Peatlands and People faoi stiúir Bhord na Móna chun Ionad Barr Feabhais réigiúnach le haghaidh Eolas na bPortach a fhorbairt, Luasaire Aistrithe Chóir chun tacú le forbairt fiontraíochta sa réigiún, agus Taitneamhacht Taiscéalaíochta thumthach don Phobal.

Eisíodh Tuarascáil Deiridh maidir le Dul Chun Cinn ón gCoimisinéir um Aistriú ar bhonn Ceartais i Nollaig 2021. Sna Moltaí agus Gníomhartha Amach anseo, luaitear sa tuarascáil (lgh 28–29) *'Bhí tairbhe faoi leith le dhá bhliain anuas ag baint leis an ardleibhéal tacaíochta ó Ranna Rialtais agus Scéimeanna éagsúla i dtaca le cruthú, forbairt agus athoscailt rochtana portach, glasbhealaí, canáilbhealaí agus rianta cnoic agus sléibhe le haghaidh pobail áitiúla agus freisin le haghaidh cuspóirí náisiúnta caitheamh aimsire (siúl, siúlóireacht, rothaíocht agus taiscéalaíocht oidhreachta agus fiadhúlra agus bithéagsúlachta). Beidh deis folláine agus saoire sa bhaile as cuimse i rith phaindéim COVID ag baint leo siúd le haghaidh an daonra náisiúnta agus chuir siad go mór le hacmhainneacht turasóireachta Lár na Tíre Folaithe' agus 'Ba cheart smaoineamh ar scéimeanna nua a bhfuil fís ag baint leo a phleanáil chun na tairiscintí sin ar fud Lár na Tíre a fheabhsú'*.

'Bhí tairbhe faoi leith le dhá bhliain anuas ag baint ... le cruthú, forbairt agus athoscailt rochtana portach, glasbhealaí, canáilbhealaí agus rianta cnoic agus sléibhe le haghaidh pobail áitiúla agus freisin le haghaidh cuspóirí náisiúnta caitheamh aimsire (siúl, siúlóireacht, rothaíocht agus taiscéalaíocht oidhreachta agus fiadhúlra agus bithéagsúlachta).'

## Conair Aistrithe Lár na Tíre – Cuspóirí agus Bearta Chéim 1

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'aontaigh Foireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre '**Conair Aistrithe Lár na Tíre**' ina leagtar amach na trí chéim aistrithe go ceann deich mbliana. Le haghaidh an bhonneagair chultúrtha agus ealaíon, tá roinnt deiseanna ábhartha laistigh de chuspóirí agus bearta an phlean sin, a bhaineann le Céim 1 (1–3 bliana), ina measc:

### Cuspóir 1

Iomarcaíochtaí agus éifeachtaí an athstruchtúraithe sa ghearrthéarma a mhaolú.

**Beart 1.1:**
Tionscadail airgeadais is féidir a chur i gcrích sa ghearrthéarma agus a thacóidh le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chomhshaoil agus a chuirfidh móiminteam dearfach luath ar fáil don phróiseas aistrithe, go háirithe laistigh de phobail a mbíonn tionchar orthu.

### Cuspóir 2

Sócmhainní agus oidhreacht a bhaineann le móin a mheasúnú, a dhaingniú agus aghaidh a thabhairt orthu.

**Beart 2.2:**
Sócmhainní ábhartha a mheasúnú agus a dhaingniú le haghaidh cuspóirí geilleagracha agus pobail amach anseo;

**Beart 2.3:**
Sócmhainní talún ábhartha a mheasúnú agus a dhaingniú le haghaidh cuspóirí geilleagracha agus pobail amach anseo;

**Beart 2.6:**
Cur i gcrích Thionscadal Comhtháite LIFE Eden Ireland a éascú.

### Cuspóir 3

Athléimneacht agus oiriúnú pobail a fhorbairt.

**Beart 3.1:**
A chinntiú go mbíonn pobail agus grúpaí páirteach i bpróiseas agus pleanáil an aistrithe;

**Beart 3.2:**
An fardal de thionscadail faoi stiúir an phobail ar fud an réigiúin a shainaithint agus tacú leo, agus barainneachtaí scála agus sineirge ghaolmhar a fhorbairt;

**Beart 3.3:**
Cumas a fhorbairt i bpobail a mbíonn tionchar orthu ionas gur féidir le pobail agus na daoine a chónaíonn iontu a bheith ina ngníomhaithe gníomhacha, rannpháirteacha don aistriú.

### Cuspóir 4

Inniúlacht na hearnála poiblí agus clú réigiúnach a fheabhsú.

**Beart 4.4:**
Tógáil ar bhranda reatha, luach tairisceana agus tairiscint chomhpháirteach chun an réigiún a chur chun cinn tuilleadh mar áit chun cónaí, foghlaim, oibriú agus infheistiú ann.

### Cuspóir 5

Nuálaíocht, infheistíocht agus taighde chun deiseanna nua agus earnálacha fáis a thapú.

**Beart 5.5:**
Dul chun cinn a dhéanamh ar bhunú an Ionaid náisiúnta suntais le haghaidh Athrú Aeráide agus Aistriú Cóir i Lár na Tíre.

Sainaithnítear sa tuarascáil deiseanna atá ag teacht chun cinn, sa digitiú agus turasóireacht inbhuanaithe ina measc, a bhféadfaidís araon a bheith ábhartha don bhonneagar ealaíon in Uíbh Fhailí.

Luaitear tionscadail forbartha tuaithe nuálacha atá á stiúradh ag an bpobal in Iarscríbhinn 2 den tuarascáil freisin. D'fhéadfadh cuid de na cás-staidéir a dtarraingítear aird orthu féidearthachtaí a léiriú freisin le haghaidh na n-ealaíon in Uíbh Fhailí. Díríonn Creetown Initiative in Albain ar chaighdeán na beatha ina shráidbhaile. Fostaítear 14 dhuine anois agus cuireadh tionscadail ealaíon i gcrích a d'athdhear an réimse poiblí agus a chuir seirbhísí tábhachtacha óige agus fiontraíochta ar fáil. Forbraíodh Landschaftspark Duisburg-Nord sa Ghearmáin ar sheanmhonarcha iarrainn agus comhtháthaítear spás oscailte caitheamh aimsire ann le deiseanna fóillíochta, gníomhaíochtaí cultúrtha ina measc ar nós amharclannaíochta, ceolchoirmeacha, seónna soilse, féilte agus scannáin faoin spéir.

Luaitear dá bhrí sin sa tuarascáil go bhfuil ról ag na healaíona agus an cultúr, i gcomhthéacs iarthionsclaíoch nó aistrithe chóir, i ndeiseanna a fhorbairt d'Uíbh Fhailí agus Lár na Tíre.

Anuas ar na tuarascálacha sin, d'fhoilsigh **an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta** (NESC) tuarascáil freisin dar teideal **Four Case Studies on Just Transition – Lessons for Ireland**. Tá an tuarascáil ábhartha don staidéar seo, agus luaitear sna ceachtanna a fhoghlaimítear i dtuarascáil NESC:

- Léiríonn na cás-staidéir ar fad samplaí de dhaonraí a spreag an stát le cónaí agus oibriú i gceantar faoi leith chun acmhainn faoi leith a fhorbairt do leas an phobail... rud a chuir le forbairt gheilleagrach agus slándáil fuinnimh tíortha iomlána.
- Teastaíonn cur chuige ionchuimsitheach, bunaithe ar áit, ina bhfuil fócas foriomlán ar an bhforbairt réigiúnach, ní díreach ar na hoibrithe agus na cuideachtaí a mbíonn tionchar díreach orthu.
- Caithfidh cláir forbartha réigiúnacha a bheith fadtéarmach freisin agus lonnaithe sa cheantar ar feadh i bhfad, le go bhforbrófar caidrimh iontaofa agus go dtacófar le cur chuige atriallach i leith idirphlé sóisialta agus 'foghlaim trí fhoghlaim'.
- Cruthaíonn tuiscint ar ábhar imní agus comhthéacs pobail atá ag tabhairt faoi aistriú freagairt chuimsitheach, rud is dóichí a bheidh leabaithe in úsáidí áitiúla.
- Na comhlachtaí réigiúnacha sin a bhfuil maoiniú rialtais acu agus a bhunaítear ar chur chuige rannpháirtíochta poiblí atá bunaithe ar áit, ní gá go mbeadh maoiniú suntasach acu ach is féidir leo tionscadail thacúla shainoiriúnaithe a chur ar fáil do réigiúin a mbíonn tionchar orthu. Féadfaidh próiseas, a chuireann institiúidí, eagraíochtaí agus daoine áitiúla a bhfuil muinín astu ar fáil, a bheidh chomh tábhachtach le tacaíocht shuntasach airgeadais.
- Féadfaidh scileanna agus inniúlachtaí atá ag réigiún cheana féin a aimsiú, meas a léiriú dóibh agus iad a chothú cabhrú le forbairt inbhuanaithe an réigiúin agus fostaíocht fhadtéarmach d'ardchaighdeán.
- Tá sé tábhachtach go ndéantar an t-am atá thart a aithint agus a cheiliúradh ach tá bealaí difriúla ann chun é sin a dhéanamh agus ba cheart go léireofaí dearcadh an phobail. Ní gá gur cur chuige oidhreachta nó iarsmalainne is fearr; d'fhéadfadh go mbeadh inmharthanacht leanúnach pobail a chinntiú ar an mbealach is fearr le héachtaí a tharla roimhe seo a aithint.

Luaitear... sa tuarascáil go bhfuil ról ag na healaíona agus an cultúr, i gcomhthéacs iarthionsclaíoch nó aistrithe chóir, i ndeiseanna a fhorbairt d'Uíbh Fhailí agus Lár na Tíre

### 2.9 An Chomhairle Ealaíon

Tá an creat beartais uileghabhálach don Chomhairle Ealaíon bunaithe ar an straitéis deich mbliana, **Saothar Ealaíne Iontach A Tháirgeadh (2015)**. Leagtar amach sa straitéis sin fís d'Éirinn:

- ina léirítear luach ar na healaíona mar ghné lárnach den saol cathartha, agus mar shainmharc d'aitheantas áitiúil agus náisiúnta, agus mar chomhartha agus mar shíniú dár gcruthaitheacht mar dhaoine;
- ina gcleachtar agus ina mbaintear taitneamh as na healaíona go forleathan inár bpobail, i spásanna poiblí (fíor agus réadúil) agus in ionaid speisialta ar fud na tíre;
- inar féidir le healaíontóirí agus le cleachtóirí atá ag obair go gairmiúil sna healaíona mar gheall ar an mbua agus tiomantas iontach atá acu gairmeacha táirgiúla agus tairbheacha a bheith acu;
- ina n-aithníonn polaiteoirí, cinnteoirí agus oifigigh áitiúla agus náisiúnta i réimse leathan ranna agus gníomhaireachtaí luach sochaíoch sainiúil na n-ealaíon agus ina ndéanann siad foráil dóibh dá réir; agus
- ina dtugtar dóthain acmhainní don Chomhairle Ealaíon mar ghníomhaireacht forbartha náisiúnta i gcomhair na n-ealaíon le dul i ngleic i gceart le leithead iomlán a shainchúraim.

Leagtar amach cúig réimse tosaíochta in Saothar Ealaíne Iontach A Tháirgeadh: an t-ealaíontóir; rannpháirtíocht an phobail; straitéis infheistíochta; pleanáil spásúil agus dhéimeagrafach; cumas a fhorbairt. Chun an sprioc a bhaineann leis an Ealaíontóir a bhaint amach, féachtar le straitéis na Comhairle Ealaíon le 'luach a bheith ar ealaíontóirí atá ag oibriú i raon leathan comhthéacsanna agus tacú leo' (Cuspóir 5) leis an ngníomh tacaíochta chun 'an raon cleachtas agus réimse socruithe ina ndéanann ealaíontóirí saothar agus ina mbíonn siad rannpháirteach leis an bpobal' a léiriú. Chun an sprioc a bhaineann le Rannpháirtíocht an Phobail a bhaint amach, féachtar le straitéis na Comhairle Ealaíon le 'deiseanna a chruthú do rannpháirtíocht mhéadaithe sna healaíona i measc pobail ar leith' (Cuspóir 7). Gealltar i ngníomh tacaíochta don chuspóir sin go ndéanfar 'infheistíocht in ealaíontóirí agus in eagraíochtaí ealaíon atá tiomanta do chleachtas ealaíon comhoibríoch d'ardchaighdeán a bhíonn dírithe ar an bpobal'. Léirítear go soiléir sa Straitéis Infheistíochta go n-áirítear i measc na mbreithnithe infheistíochta caighdeán, forbairt foirme ealaíne (Cuspóir 10), díriú ar ghníomhaíocht ealaíonta (Cuspóir 11), agus tacú le saothar uaillmhianach, bunaidh agus turgnamhach (faoi Chuspóir 13).

Laistigh den Phleanáil Spásúil agus Dhéimeagrafach, is mian leis an gComhairle Ealaíon a chinntiú go mbíonn infheistíocht i mbonneagar ealaíon straitéiseach agus inbhuanaithe (Cuspóir 17), lena n-áirítear gníomh tacaíochta go gcuirfear 'comhairle ar an rialtas le cistí caipitil a thabhairt chun an bonneagar tógtha reatha a chothabháil agus a oibriú, mar sin ag díriú ár n-infheistíochta reatha ar ghníomhaíocht ealaíonta'. I dtaca leis an gcuspóir sin, tá sé tábhachtach go n-ailíníonn Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra le Beartas na Comhairle Ealaíon chun a ról agus a shuíomh straitéiseach a neartú ar mhaithe le tacaíocht leanúnach.

Tá **Beartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon le haghaidh Ionad Ealaíon** (2019) ailínithe le Tionscadal Éireann 2040, agus luaitear go dtugann 'an t-ordlathas lonnaíochtaí agus bonneagair ghaolmhair' thuasluaite le fios gur mbeifí ag súil go mbeadh ionad ealaíon agus cultúir i mbailte ina bhfuil daonra os cionn 10,000. Chuige sin, luaitear sa bheartas agus sa straitéis nach dtagann forbairt stairiúil na n-ionad ealaíon leis an ordlathas lonnaíochtaí a leagtar amach i dTionscadal Éireann 2040 agus 'go gcónaíonn thart ar leath de dhaonra na hÉireann i gceantair thuaithe, i mbailte beaga agus i sráidbhailte. Tá daoine a chónaíonn faoin tuath in Éirinn i dteideal rochtain ar na healaíona ina n-áiteanna féin, nó laistigh d'fhad réasúnta' (lch 4) agus déantar soiléir in Beartas agus Straitéis na Comhairle

Ealaíon le haghaidh Ionad Ealaíon go dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon le 'líonra ionad ealaíon a fhágann gur féidir le healaíontóirí agus lucht spéise saothar a dhéanamh agus a fheiceáil i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha'.

Luaitear in Beartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon le haghaidh Ionad Ealaíon:

- Cinnteoidh an Chomhairle Ealaíon go mbeidh tacaíocht ann le haghaidh líonra ionad ealaíon a fhágann gur féidir le healaíontóirí agus lucht spéise saothar a dhéanamh agus a fheiceáil i suíomhanna tuaithe agus uirbeacha;
- Tá léiriú saothair ar fud foirmeacha ealaíne i suíomhanna éagsúla, seachas lonnaithe i mBaile Átha Cliath den chuid is mó, an-inmhianaithe. Déantar freastal níos fearr ar ealaíontóirí, rannpháirtithe agus lucht spéise nuair is féidir saothar a dhéanamh i raon áiteanna ar fud na hÉireann, agus cuireann miondifríocht réigiúnach le haitheantas agus úinéireacht an tsaothair;
- Beidh infheistíocht bhreise ón gComhairle Ealaíon bunaithe ar shaothar den chéad scoth in ionaid ealaíon. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i saoráidí, foirm ealaíne nó saineolas réimse cleachtais, i scála agus/nó cáilíocht na rannpháirtíochta le rannpháirtithe agus lucht spéise, nó sna tacaíochtaí léiriúcháin a thairgeann an t-ionad d'ealaíontóirí;
- Spreagfar ionaid ealaíon níos mó le hoibriú mar chomhordaitheoirí cnuasaigh; beidh siad ina ngníomhaithe le haghaidh fhorbairt, léiriú agus scaipeadh an tsaothair ar fud raon ionad go háitiúil agus go náisiúnta;
- Aithnítear riachtanais agus dúshláin forbartha na n-ionad ealaíon ar leith agus na líonraí ionad ealaíon.
- Tá cumas fáis agus forbartha na n-ionad sin, chun tacú agus plé lena bpobail, thíos leis de shíor mar gheall ar easpa acmhainní riachtanacha: spás fisiciúil, saineolas léiriúcháin, acmhainní daonna agus maoiniú chun saothar a léiriú.
- Ní dhearnadh mórán machnaimh ar sholáthar spáis oibre d'ealaíontóirí agus do léiriúcháin ealaíonta. Dá ainneoin sin, tugann go leor ionaid ealaíon tacaíocht dhíreach anois d'ealaíontóirí agus do léiriú saothair, cé go mbíonn srian orthu mar gheall ar theorainneacha a spáis fhisiciúil.

Treisíonn sé sin tuilleadh tábhacht agus ról lárnach Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra agus Esker Arts i dTulach Mhór a osclaíodh le deireanaí, chun tacú le hobair na hearnála cruthaithí in Uíbh Fhailí, trí obair nuálach den chéad scoth a choimisiúnú, a léiriú agus a chur i láthair. Leagtar béim freisin ar an ngá atá le tionscnaimh ealaíon a lorgaíonn maoiniú ón gComhairle Ealaíon chun a láidreachtaí agus a n-acmhainneacht ar fud réimsí cleachtais, tacaíochtaí léiriúcháin agus rannpháirtíocht phoiblí a chur in iúl go soiléir. Cuireann an Chomhairle Ealaíon níos mó ná maoiniú ar fáil. Mar an ghníomhaireacht náisiúnta chun na healaíona a fhorbairt, cuireann an Chomhairle Ealaíon raon tacaíochtaí taighde agus beartais ar fáil freisin.

Áirítear ina measc siúd **Treoir Phraiticiúil do Chomhaltaí Boird Eagraíochtaí Ealaíne**, ina dtugtar treoir ar struchtúir dhlíthiúla, stádas carthanais, bord iontach a thógáil agus a chothú agus rannpháirtíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. I dtaighde leis an gComhairle Ealaíon roimhe seo, d'fhoilsigh an Chomhairle Ealaíon an tuarascáil Auditoria in 2004. Féachadh sa tuarascáil sin le bealach a sholáthar chun cláir tacaíochta bonneagair a nascadh le caiteachas ar léiriúcháin taibhealaíon agus camchuairte agus cinntiú go gcuirtear tacaíochtaí cuí ar fáil chun cumas cláreagraithe bainisteoirí ionaid a fheabhsú, agus ag baint an leas is fearr is féidir freisin as éifeachtúlacht eagraíochtaí camchuairte. D'fhéach an tuarascáil freisin le bearnaí a shainaithint i mbonneagar agus luaitear (in 2004) gur ceantar lena mbaineann bonneagar easnamhach é Uíbh Fhailí fós. Ní deirtear sin chun tógáil ó Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra ná ó chlár an Ionaid (a bunaíodh in 2000), mar a luadh sa tuarascáil Auditoria gurb é 40km idir ionaid an fad is fearr chun a chinntiú go bhfuil bonn inmharthana lucht spéise ag gach ionad agus *'go ndéanfar dul chun cinn ar chuspóirí fadtéarmacha trí mheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí soláthair, ag seachaint forluí a d'imreodh drochthionchar ar an dá pháirtí agus raon na ngníomhaíochtaí atá ar fáil do luchtanna spéise ar leith laistigh den achar 40km a fhás'* (lch 10).

Tá Biorra 36km siar ó dheas ó Thulach Mhór agus tá Éadan Doire 35km níos faide soir ó Thulach Mhór.

Cé go bhfuil an Chomhairle Ealaíon tar éis a rá le fada go bhfuil forbairt an dara hionad ealaíon i mBaile Contae Thulach Mhór ag teastáil cinnte, cuirtear níos mó béime fós ar an tábhacht a bhaineann le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag cinntiú go gcuirtear rannchuidiú ar leith agus luach gach tionscnaimh ealaíon in iúl go soiléir agus go dtuigtear é, agus go n-oibrítear ón mbunús sin chun comhtháthú agus comhlántacht ar fud bhonneagar ealaíon an chontae a chinntiú.

Tógann Beartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon le haghaidh Ionad Ealaíon ar **Athbhreithniú ar an Ionad Ealaíon in 2019**. Cuirtear in iúl san athbhreithniú, i measc an 48 ionad ealaíon sa staidéar, go bhfuair gach ionad ealaín (in 2017), ar an meán, maoiniú €151,999 ón údarás áitiúil faoi seach, agus €112,214 ón gComhairle Ealaíon (lch 23). Luaitear in athbhreithniú 2019 go bhfaigheann go leor ionad níos lú ná €100,000 ó cheann amháin nó ón dá fhoinse maoinithe sin agus go dtógfadh sé roinnt blianta ar aon ionad ealaíon nua a acmhainneacht a léiriú agus caidrimh maoinithe láidre a fhorbairt.

### 2.10 Is Breá a Bheith Beo 2020 – Tuarascáil Thascfhórsa Téarnaimh na nEalaíon agus an Chultúir

(Samhain 2020).

Déantar moltaí difriúla sa tuarascáil seo maidir le:

- Ioncam, cánachas agus bearta soláthair airgeadais;
- Oideachas agus tacaíochtaí oiliúna;
- Tacaíochtaí teicneolaíochta;
- Tacaíochtaí ar mhaithe le meabhairshláinte;
- Bearta coimirce sóisialaí; agus
- Bearta cóipchirt.

Luaigh an tascfhórsa sin freisin na seisiúin rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a reáchtáladh le deireanaí faoin bPlean Geilleagrach Náisiúnta[1]. Ó na seisiúin sin, luadh in Is Breá a Bheith Beo gur 'fiú an-phlé a dhéanamh ar shuíomh agus todhchaí bailte agus cathracha de réir mar a athraíonn an tírdhreach geilleagrach agus a bhíonn cianoibriú níos coitianta. Beidh ról lárnach ag caighdeán na beatha inár mbailte réigiúnacha agus sráidbhailte i ngeilleagar réigiúnach cothrom a bhaint amach mar a bheartaítear sa Phlean Geilleagrach Náisiúnta' (lch 9).

Déantar machnamh freisin in Is Breá a Bheith Beo ar chuspóir Thionscadal Éireann 2040 d'Éirinn a bheith ina sochaí ina bhfuil folláine an duine aonair mar bhunchloch gach beartais phoiblí. Ag eascairt as an bplean sin (Tionscadal Éireann 2040), d'fhéadfadh an clár forbartha caipitil le haghaidh na hearnála cultúrtha a dtugtar breac-chuntas air in Infheistíocht inár gCultúr, inár dTeanga & inár nOidhreacht 2018–2027 thuasluaite iarracht a dhéanamh foghlaim nó deiseanna nua a tháinig chun cinn i rith phaindéim COVID-19 a chuimsiú.

is fiú an-phlé a dhéanamh ar shuíomh agus todhchaí bailte agus cathracha de réir mar a athraíonn an tírdhreach geilleagrach agus a bhíonn cianoibriú níos coitianta...

[1] https://www.gov.ie/en/publication/60532-national-economic-plan-stakeholder-engagementsummary-report-of-breakout-sessions/

### 2.11 Plean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021-2027

Faoin bPlean Forbartha Contae, aithnítear na healaíona mar ghné lárnach de 'Chuimsiú Sóisialta, Pobal agus Forbairt Chultúrtha' (Caibidil 9) agus luaitear ní hamháin go gcuireann saoráidí ealaíon agus cultúrtha le caighdeán na beatha idir ealaíonta, shóisialta agus ghinearálta sna pobail, cuireann siad go mór freisin le geilleagar an Chontae trí chuairteoirí, infheistíocht agus cruthú post a mhealladh.

Luaitear sa Phlean freisin go mbeidh athchóiriú Ionad Ealaíon Pobail Thulach Mhór luachmhar do mhuintir Thulach Mhór agus an cheantair máguaird, agus aithnítear ionchur Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra agus Public Access Arts in Éadan Doire agus tugtar tiomantas do thacaíocht a thabhairt dóibh, nuair is cuí.

Féachtar le beartais forbartha shonracha, chuige sin, le:

- Cabhrú, nuair is féidir, le soláthar agus forbairt na saoráidí agus na n-áiseanna sóisialta, pobail agus cultúrtha sa chontae;
- An clár Éire Ildánach 2017–22, Straitéis Ealaíon 2018–2022 na Comhairle agus Straitéis Cultúir agus Cruthaitheach Uíbh Fhailí 2018–2021 a chur i bhfeidhm; agus
- An leas is fearr is féidir a bhaint as Scéim an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon le haghaidh Uíbh Fhailí maidir lena mhórthionscadail chaipitil a chuireann deiseanna ar fáil d'ealaíontóirí i ngach disciplín chun saothar a chruthú don réimse poiblí.

Pléitear an tírdhreach agus an bhithéagsúlacht i gCaibidil 4 den Phlean Forbartha Contae, ach aithnítear mar sin féin acmhainneacht chomhtháite na páirce dealbhóireachta ag Loch na Buaraí, agus deirtear: *'Tá forbairt Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí in Uíbh Fhailí, a vótáladh mar 'An Áit is Ansa le Muintir na hÉireann' i gcomórtas náisiúnta a reáchtáil Royal Town Planning Institute in 2018, ina sampla d'iarúsáid oiriúnach lagphortaigh, a chuireann gnáthóga tábhachtacha ar fáil do raon leathan ainmhithe, éan agus plandaí chomh maith le saoráidí fóillíochta ar nós Páirc Dhealbhóireachta, ionad cuairteoirí, limistéar iascaireachta, saoráidí éanbhreathnaithe, agus bealaí siúil agus rothaíochta'* (lch 107).

*'Tá forbairt Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí in Uíbh Fhailí, a vótáladh mar 'An Áit is Ansa le Muintir na hÉireann' i gcomórtas náisiúnta a reáchtáil Royal Town Planning Institute in 2018, ina sampla d'iarúsáid oiriúnach lagphortaigh, a chuireann gnáthóga tábhachtacha ar fáil do raon leathan ainmhithe, éan agus plandaí chomh maith le saoráidí fóillíochta ar nós Páirc Dhealbhóireachta, ionad cuairteoirí, limistéar iascaireachta, saoráidí éanbhreathnaithe, agus bealaí siúil agus rothaíochta'*

*Aithnítear i bPlean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021–2027 ról Bhiorra mar Bhaile Cinn Scríbe Turasóireachta, agus aird faoi leith ar a oidhreacht thógtha, ina measc Caisleán, Gairdíní agus Ionad Eolaíochta Bhiorra...*

Laistigh den Phlean Forbartha Contae, luaitear sa chomhthéacs le haghaidh forbairt turasóireachta agus áineasa (Caibidil 6) go bhfuil Uíbh Fhailí suite in dhá cheann de bhrandaí turasóireachta réigiúnaí Fháilte Éireann, le formhór an chontae lonnaithe i Sean-Oirthear na hÉireann, agus iarthar an chontae ar an tSionainn lonnaithe i gCroíthailte Folaithe na hÉireann. D'fhorbair Fáilte Éireann Sean-Oirthear na hÉireann mar eispéireas brandáilte do chuairteoirí a chuimsíonn na sócmhainní saibhre oidhreachta agus cultúrtha i lár agus oirthear na tíre, agus dírítear ar oidhreacht shaibhir thógtha, nádúrtha agus chultúrtha na hÉireann, á léiriú ag príomhshuíomhanna staire, cuid mhaith díobh atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí. Díríonn Croíthailte Folaithe na hÉireann ar an mbranda a bhaineann le 'croíthailte glasa áilleacht nádúrtha na hÉireann', dírithe ar phobail tuaithe. Cuireann na Croíthailte Folaithe bealaí talún agus uisce i gcontaetha feadh na Sionainne chun cinn.

Aithnítear i bPlean Forbartha Contae Uíbh Fhailí 2021–2027: *'Ról Bhiorra mar Bhaile Cinn Scríbe Turasóireachta, agus aird faoi leith ar a oidhreacht thógtha, ina measc Caisleán, Gairdíní agus Ionad Eolaíochta Bhiorra, chomh gar agus chomh héasca atá sé dul chuig cinn scríbe turasóireachta mhóra, áiseanna nádúrtha ina measc, agus deiseanna caitheamh aimsire ar nós Shliabh Bladhma, Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí agus Mhuiríne Bheannchair'*.

Tarraingítear aird sa phlean freisin ar ról Thulach Mhór mar *'mhol turasóireachta agus a forbairt mar Bhaile Cinn Scríbe Turasóireachta, agus aird faoi leith ar a oidhreacht driogtha, ina measc Ionad Cuairteoirí Thulach Mhór, chomh gar agus chomh héasca atá sé dul chuig cinn scríbe turasóireachta mhóra, áiseanna nádúrtha ina measc, agus deiseanna caitheamh aimsire ar nós na Canálach Móire agus an ghlasbhealaigh lena mbaineann, Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí, Shliabh Bladhma, Suíomh Mainistreach Dharú agus Ionad Cuairteoirí Phortach Chlóirthigh'*.

Aithnítear Éadan Doire mar mhol tábhachtach seirbhíse le haghaidh ghlasbhealach na Canálach Móire in Oirthear an chontae (lch 200). Tagraítear freisin sa Phlean Forbartha Contae d'acmhainneacht Ghlasbhealach na Canálach Móire chun tionscadail réigiúnacha a fhorbairt le

Cill Dara, Laois agus an Iarmhí (lch 189).

Áirítear le cuspóirí turasóireachta sa Phlean Forbartha Contae, atá ábhartha don straitéis seo:

- Forbairt acmhainne turasóireachta le lagphortaigh a éascú i gcomhar le Bord na Móna agus Fáilte Éireann, faoi réir breithnithe comhshaoil agus ainmniúcháin nádúrtha, mar shampla, foraoiseacht áineasa, gníomhaíochtaí fóillíochta, bealaí portaigh ar an líonra portach agus iarnród tionsclaíoch, agus ainmniú Páirce Oidhreachta Portaigh Náisiúnta.
- Na saoráidí oideachais agus taitneamhachta atá ag Anaclann Dúlra agus Ionad Cuairteoirí Phortach Chlóirthigh agus Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí faoi láthair agus a bhforbairt a chur chun cinn, faoi réir measúnú oiriúnachta.
- Tógáil ar ról Bhiorra mar Bhaile Cinn Scríbe, agus aird faoi leith ar a oidhreacht thógtha agus chomh gar agus atá sé do thaitneamhachtaí turasóireachta tábhachtacha.
- Acmhainneacht Thulach Mhór mar cheann scríbe don turasóireacht Fuisce a fhiosrú, bunaithe ar Ionad Cuairteoirí Tullamore Dew sa bhaile, agus an seans go mbeadh Tulach Mhór ina cuid de nasc 'Bealaí Fuisce' ar fud an réigiúin agus níos faide i gcéin.

Sa chás go dtugtar aghaidh go soiléir ar sholáthar ealaíon sa phlean, lena n-áirítear a ról maidir le turasóireacht agus bithéagsúlacht agus tírdhreach (ag Loch na Buaraí), teastaíonn fiosrú breise ar an togra le haghaidh forbairt Páirce Nádúrtha Portaigh Náisiúnta, a naisc le hIonad Athraithe Aeráide agus Aistrithe Chóir (a luaitear faoi Aistriú Cóir, thuas) agus a acmhainneacht i gcomhthéacs Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí.

Luaitear ról Thulach Mhór mar 'mhol turasóireachta agus a forbairt mar Bhaile Cinn Scríbe Turasóireachta, agus aird faoi leith ar chomh gar agus chomh héasca atá sé dul chuig cinn scríbe turasóireachta mhóra, áiseanna nádúrtha ina measc, agus deiseanna caitheamh aimsire ar nós na Canálach Móire agus an ghlasbhealaigh lena mbaineann, Pháirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí, Shliabh Bladhma, Suíomh Mainistreach Dharú agus Ionad Cuairteoirí Phortach Chlóirthigh'

### 2.12 Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail UÍBH FHAILÍ 2016–2021

Cuireann Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Uíbh Fhailí 2016–2021 daoine, áit agus gnó ag croí fhorbairt an chontae. Luaitear sa Phlean go bhfuil raidhse suíomhanna suntasacha go hidirnáisiúnta agus mainistreacha agus seandálaíochta in Uíbh Fhailí (e.g. Cluain Mhic Nóis, Darú agus an bolcán marbh ag Cnoc Chruacháin), go bhfuil 20% den úsáid talún sa chontae i gceist leis na portaigh agus gur ainmníodh 8% de limistéar talún Uíbh Fhailí go foirmiúil mar cheantar lena mbaineann tábhacht Eorpach do chaomhnú an dúlra.

Aithnítear sa Phlean freisin go mbaineann Uíbh Fhailí tairbhe as fás seasta daonra agus as réimsí móra de thailte atá faoi úinéireacht phoiblí. Aithnítear go bhfuil roinnt dúshlán sa chontae, ina measc:

- Branda Turasóireachta 'Uíbh Fhailí' a chur chun cinn – feasacht agus aitheantas a ardú.
- An cumas Infheistíocht Dhíreach Eachtrach nua a mhealladh agus a dhaingniú don chontae.
- Cothromaíocht a bhaint amach idir an comhshaol a chosaint agus é a fheabhsú.

Is dúshláin iad sin a bhféadfadh na healaíona ról tábhachtach a imirt ina leith le haghaidh Uíbh Fhailí.

Luaitear deiseanna sonracha sa Phlean freisin le haghaidh Uíbh Fhailí maidir le:

- Tionscail chruthaitheacha, ar nós Dearadh agus Nuálaíochta, Léiriúcháin scannán, etc.
- Caighdeán na beatha – oidhreacht, tírdhreach, cultúr, agus suntasacht idirnáisiúnta Phortach Chlóirthigh.

De réir an chuspóra chun suíomhanna geilleagracha straitéiseacha a chur chun cinn ar fud an chontae, tá gníomh sa Phlean le haghaidh bonneagar cultúrtha (Gníomh 3.1) ina dtugtar tiomantas do 'oibriú chun tacú le trí Ionad Chultúrtha mhóra in Uíbh Fhailí a bhíonn ann ó cheann ceann na bliana, dá n-acmhainneacht turasóireachta cultúrtha, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh':

- Tacaíochtaí agus deiseanna fostaíochta a fhorbairt le haghaidh saoráidí Ealaíon;
- Gnéithe ealaíon atá ag príomhtharraingteachtaí cuairteoirí cheana féin a fheabhsú.

Sonraítear gníomhartha sa Phlean freisin a bhaineann leis an ionad ealaíon i dTulach Mhór, agus le rannpháirtíocht an phobail sna healaíona agus infheistíocht i dtionscadail d'ardchaighdeán agus inbhuanaithe, agus cinntiú go gcuireann ealaíontóirí, pobail, gníomhaireachtaí agus an earnáil dheonach bonn eolais faoi Straitéisí Ealaíon Uíbh Fhailí.

### 2.13 Straitéis Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 'Inspire – Imagine – Involve' 2018-2022

Is é an fhís le haghaidh straitéis ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí go mbeadh 'na healaíona leabaithe agus comhtháite i saol mhuintir Chontae Uíbh Fhailí; inrochtana ag na saoránaigh ar fad agus leas á bhaint acu astu, chomh maith le cuairteoirí a mhealladh chun an chontae'. Is fiú trácht ar an mbéim ar shaoránaigh agus cuairteoirí, agus aithníonn na croíluachanna an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht, comhoibriú agus comhpháirtíocht chomh maith le héagsúlacht deiseanna, éagsúlacht cleachtais agus éagsúlacht áite le haghaidh forbairt ealaíon sa chontae. Sainaithnítear na réimsí is riachtanaí don fhorbairt faoi na trí shnáithe tosaíochta:

> tá na healaíona leabaithe agus comhtháite i saol mhuintir Chontae Uíbh Fhailí

- **Muintir an chontae – ag feabhsú rannpháirtíocht an phobail leis na healaíona;**
  Leis an sprioc *'Deiseanna a fhorbairt le haghaidh daoine le bheith ag plé leis na healaíona agus rannpháirteach iontu, ar fud an chontae, trí thionscnaimh nua bunaithe ar chomhpháirtíocht agus comhdhlúthú/ forbairt chláir oifig ealaíon an chontae atá ann cheana féin'.*
- **An áit – na healaíona sa spás cathartha a chur chun cinn;**
  Leis an sprioc *'Braistint áite a fheabhsú agus tógáil ar shainiúlacht chultúrtha ar leith Chontae Uíbh Fhailí trí ealaíontóirí a fhostú chun comhoibriú i ndearadh agus forbairt spásanna fisiciúla, sóisialta agus cultúrtha an chontae'.*
- **An próiseas – tallann ealaíonta agus iarracht chruthaitheach a chothú;**
  Leis an sprioc *'Leanúint ag cothú iarracht ealaíonta agus ag tacú léi, ionas gur féidir le gach duine taitneamh a bhaint as ealaín iontach'.*

I measc phríomhláidreachtaí Uíbh Fhailí, luaitear FilmOffaly agus an buíon láidir de thallann chruthaitheach atá lonnaithe ann go háitiúil; féilte ealaíon agus pobail d'ardchaighdeán, a bhíonn lonnaithe i mBiorra den chuid is mó; Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra as na healaíona a chur i láthair agus a chur chun cinn agus mar mhol gorlainne do bhainistíocht féilte ealaíon.

Tá cur chuige soiléir spriocdhírithe ag na gníomhartha beartaithe faoi Straitéis Ealaíon Uíbh Fhailí 2018–2022, ina sainaithnítear tionscnaimh shonracha, ina measc: eagraíocht ealaíon, sláinte agus folláine, Anam Beo, Music Generation (leis an Iarmhí), comhpháirtíocht le Bord na Móna i leith Loch na Buaraí, tacaíocht d'ealaíontóirí, le haghaidh FilmOffaly, agus le haghaidh cláir ealaíon don aos óg.

Tá gníomhartha sonracha ann freisin i dtaca le tacaíocht le haghaidh na bpríomhionad i mBiorra, Éadan Doire agus Tulach Mhór. Maidir le Biorra, tugann an straitéis ealaíon tiomantas do (2.1.3) *'Leanúint ag cur acmhainní ar fáil d'Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra chun cáilíocht a chláir a chothú agus a acmhainneacht ghnó a fhorbairt mar mhol féilte (Birr Vintage Week and Arts Festival; Scripts, Féile Ceapadóireachta Drámaí na hÉireann; Féile Scannán OFFline; Hullabaloo! Féile Ealaíon Uíbh Fháilí do Pháistí; Féile Cheoil Bhiorra)'*. Áirítear leis an mbeart sin an fhéidearthacht go mbunófaí mol le haghaidh féilte i mBiorra. Cé nach ndéantar cur síos rómhion ar an mol, is cosúil go léiríonn an beart riachtanas a bhraitear agus deis a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint léi d'Uíbh Fhailí.

Tharraing an próiseas comhairliúcháin aird ar go leor tosaíochtaí forbartha agus infheistíochta le haghaidh an chontae, agus tugtar anailís SWOT sa straitéis ealaíon freisin (lch 20). I measc phríomhláidreachtaí Uíbh Fhailí, luaitear FilmOffaly agus an buíon láidir de thallann chruthaitheach atá lonnaithe ann go háitiúil; féilte ealaíon agus pobail d'ardchaighdeán, a bhíonn lonnaithe i mBiorra den chuid is mó; Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra as na healaíona a chur i láthair agus a chur chun cinn agus mar mhol gorlainne do bhainistíocht féilte ealaíon. Tagraítear i measc na bpríomhlaigí do bhonneagar ealaíon tógtha easnamhach i dtéarmaí spásanna cruthaitheacha atá lonnaithe go háitiúil le haghaidh rannpháirtíocht an phobail agus spásanna oibre le haghaidh ealaíontóirí; tírdhreach ealaíon deighilte idir oirthear agus iarthar an chontae, atá an-soiléir i bpríomhionaid Thulach Mhór, Éadan Doire agus Bhiorra. Tarraingíodh aird sna príomhdheiseanna ar fhorbairt na Páirce Dealbhóireachta ag Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí mar shaoráid náisiúnta ealaíon d'ardchaighdeán; oibriú leis an Oifig Fiontair Áitiúil chun trasnasc, comhchruthú agus comhléiriúcháin a spreagadh idir na healaíona agus earnálacha eile; tionscadal FilmOffaly a thógáil chun infheistiú sa bhuíon tallainne agus bunús scileanna agus iad a fhás, chun Uíbh Fhailí a chur i suíomh inar féidir forbairt mar mhol réigiúnach a thacaíonn le braislí náisiúnta scannánaíochta agus closamhairc in oirthear agus iarthar na hÉireann.

Tarraingíodh aird sna bagairtí ar an easpa soiléireachta faoi éiteas ealaíonta Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí agus na bearnaí sa bhonneagar agus sna saoráidí chun tacú le healaíontóirí gairm inbhuanaithe a thógáil sa bhaile, rud as a n-eascraíonn imirce amach as an gcontae.

Bhí spásanna agus áiteanna ar cheann de na hocht réimse straitéiseacha le haghaidh forbartha i **bPlean Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí** roimhe seo le haghaidh 2012–2016, agus tarraingíodh aird ar spásanna ealaíon le haghaidh taibhiú, taispeántas agus cruthú saothair/stiúideonna faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach sa chontae. Aithníodh ról ollmhór Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra (BTAC) mar 'áit dúchais' na n-ealaíon in Uíbh Fhailí ó 2000, agus tarraingíodh aird sa phlean ar an ngá le haird a thabhairt ar ábhar imní BTAC mar gheall ar an Ionad Ealaíon a bheartaítear i dTulach Mhór agus ról Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i gcaidreamh trína dtacódh an dá ionad lena chéile a spreagadh. Tharraing cuspóir a bhaineann leis an Ionad Ealaíon a bheartaítear i dTulach Mhór aird ar an ngá le hoibriú i gcomhar le bonneagar cultúrtha eile sa chontae, go háirithe Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra 'chun tionscnaimh a fhorbairt, acmhainní a roinnt, lucht spéise agus rannpháirtíocht a mhéadú agus próifíl Uíbh Fhailí a ardú ar fud na tíre' (lch 41). Aithníodh sa phlean an chéim nua de Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí ag an bpointe sin (2012), luach an tionscadail i dtéarmaí turasóireacht chultúrtha don chontae agus luach ardcháilíocht an chaighdeáin ealaíonta a d'ardaigh clú idirnáisiúnta an tionscadail. Thacaigh cuspóirí chun eagraíocht chomhpháirtíochta a bhunú leis sin, chun clár a chur i gcrích, saothair ealaíne a choimisiúnú, agus an clár coimisiún nua a chothromú le clár spleodrach gníomhaíochtaí (lch 42). Cuimsíodh spás Cathartha agus Pobail d'Éadan Doire sa phlean sin freisin, lenar bhain an cuspóir tacú le gníomhaíocht ealaíon pobail agus óige agus í a chur chun cinn, agus an chaoi a bhféadfaí na healaíona a chomhtháthú sa tsaoráid nua chathartha in Éadan Doire a fhiosrú (lch 44).

### 2.14 Pobail Chomhoibríocha a Chruthú, Plean Forbartha Eatramhach Leabharlanna Uíbh Fhailí 2022-2023

Tagraítear do rannpháirtíocht na leabharlainne in go leor imeachtaí leabharlainne don phobal a chuimsíonn an tsochaí ar fad i bPlean Forbartha Eatramhach Leabharlanna Uíbh Fhailí, imeachtaí a chuirtear ar fáil saor in aisce trí líonra bhrainsí na leabharlann agus/nó ar líne. Áirítear gníomhaíochtaí cultúrtha leo siúd ar nós Fhéile Leabhar na Leanaí, Fhéile Bealtaine, Sheachtain na Gaeilge, na Seachtaine Oidhreachta, cláir STEAM, Taispeántas, Cuairteanna ó údair, Imeachtaí ceoil, Filíochta, Ealaíne agus raon gníomhaíochtaí chun tacú le feachtais náisiúnta leabharlainne. Tagann an spás leabharlainne agus ealaíon a bheartaítear le haghaidh Éadan Doire le 'Ár Leabharlanna Poiblí 2022' ina dtarraingítear aird ar an ngá le freastal ar phobail agus cultúr (lch 29), ag tarraingt aird ar thionscnaimh inrochtaineachta agus for-rochtana le haghaidh grúpaí imeallaithe agus spásanna pobail fáilteacha chun eispéiris chultúrtha éagsúla a roinnt le pobail agus cultúir nua in Éirinn (lch 30).

### 2.15 Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Uíbh Fhailí

Tagann an Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta seo leis an gclár Éire Ildánach agus leagtar amach cur chuige comhtháite idir Ealaíona, Leabharlanna agus Oidhreacht; *'Tá an t-údarás ag Meitheal Cultúir Uíbh Fhailí ceannaireacht a ghlacadh ar Cholún 2, Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal. Níl ról na Comhairle teoranta do Cholún 2, áfach, agus comhoibreoidh an Chomhairle le pobail, le grúpaí agus le gníomhaireachtaí chun cabhrú leo na ceithre cholún eile a fhorbairt agus a sheachadadh'* (lch 13). I dtosaíocht straitéiseach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí faoi Cholún 1 (Leanaí agus Óige–Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh) den chlár, déantar tagairt shonrach do *'STEAM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic), trí Music Generation agus trí chláreagrú cultúir agus cruthaitheachta do leanaí sa leabharlann agus sa phobal'*.

Tugtar tús áite i gColún 2 (Pobail Chruthaitheacha) don leas is fearr is féidir a bhaint as an 'áit ina mbuaileann ealaín agus nádúr le chéile' ag Fearann Páirce Loch na Buaraí, cláreagrú cultúrtha i leabharlanna agus coimisiúin thábhachtacha ag freagairt d'oidhreacht ag a bhfuil seans go bhforbrófaí comhpháirtíochtaí réigiúnacha dá mbarr.

Luaitear freisin sa straitéis sin, faoi Cholún 4 den chlár Éire Ildánach, go bhfuil an Rialtas tiomanta d'Éireann a fhorbairt mar lárionad barr feabhais maidir le léiriúchán na meán cruthaitheachta. Ag tógáil air sin, aithníonn Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Uíbh Fhailí an earnáil láidir meán agus léiriúcháin scannán a oibríonn sa chontae, ag tagraítear d'Fhéile Scannán OFFline i mBiorra agus tugtar tiomantas d'infheistiú sa chéad Chónaitheacht Beochana OFFline.

### 2.16 Creat-chomhaontú Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus na Comhairle Ealaíon

Is é an creat-chomhaontú seo bunús na gcur chuige comhinfheistíochta idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus an Chomhairle Ealaíon. Is tríd an gcomhaontú sin a dhéantar gnéithe de bheartais agus d'uaillmhianta an údaráis áitiúil agus na Comhairle Ealaíon faoi seach a oibriú agus a mhaoiniú. Tá an uaillmhian chomhroinnte chun infheistiú i bhforbairt leanúnach Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí ar cheann de na príomhthionscadail a sainaithníodh sa chreat-chomhaontú. Tá athbhreithniú le déanamh ar an gcreat sin sna míonna amach romhainn.

# 3. Bonneagar i gComhthéacs

Breathnaítear sa roinn seo ar sheasamh agus ar ullmhacht na bpríomhbhonneagar ealaíon a ndéantar machnamh orthu sa straitéis seo:

- Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra;
- Saoráid chomhtháite leabharlainne agus ealaíon a bheartaítear le haghaidh Éadan Doire;
- An t-ionad ealaíon atá beagnach réidh i dTulach Mhór; agus
- Fearann Páirce Loch na Buaraí

Déantar machnamh ar na ceithre thionscadal i gcomhthéacs a suímh, a dtairisceana agus i dtéarmaí a bhforbartha thar raon ceannteideal, ina measc:

- Úinéireacht suímh/talún
- Ullmhacht bonneagair agus spásanna ar fáil
- Struchtúr Rialachais
- Feidhmeannas Íoctha
- Straitéis (i bhfeidhm)
- Tosaíochtaí Cláir Soiléire
- Comhpháirtíochtaí/comhoibriú (a d'fhéadfadh cabhrú le tosaíochtaí straitéise agus cláir a bhaint amach)
- Maoiniú Ioncaim












# 3.1 Biorra – Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra

Tá ról ríthábhachtach ag Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra (BTAC) i bhforbairt na healaíon i mBiorra agus i gContae Uíbh Fhailí le breis agus 20 bliain anuas mar ionad óstach le haghaidh léirithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí ról tábhachtach straitéiseach agus forbartha ag BTAC freisin le haghaidh ceithre cinn de chúig fhéile an bhaile, is iad sin: Scripts, an Fhéile Ceapadóireachta Drámaí; Hullabaloo, an Fhéile Ealaíon do Pháistí; Féile Scannán OFFline; agus Féile Cheoil Bhiorra. B'acmhainn thábhachtach BTAC le haghaidh féilte atá ag teacht chun cinn, ag cur tacaíocht riachtanach ar fáil le haghaidh iarratais ar mhaoiniú agus le bainistíocht airgeadais ghairmiúil ina dhiaidh sin, agus le riarachán i mblianta tosaigh na bhféilte.

Tá soláthar spáis le himeachtaí a chur i láthair, chomh maith le tacaíochtaí léiriúcháin, cur chun cinn agus oifige ticéad ríluachmhar freisin d'fhéilte Bhiorra. Leanann BTAC ag léiriú fhéile Scripts i gcomhar le Jasango Theatre, agus Hullaballoo, an Fhéile Ealaíon do Pháistí i gcomhar le hOifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí. Tarraingíodh aird freisin ar láidreacht Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra mar mhol gorlainne le haghaidh bainistíocht féilte ealaíon i Straitéis Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí *'Inspire – Imagine – Involve'* 2018-2022.

Aithnítear é freisin in **'Seeing The Beyond – Birr Festivals Planning for a Shared Future'**, tuarascáil a choimisiúnaigh Birr 20:20 Vision CLG le tacaíocht ó Chuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí. Sainaithnítear sa tuarascáil (faoi stiúir Dermot McLaughlin, Creative Strategic Solutions) *'go bhfuil an tacaíocht a chuireann Amharclann Bhiorra ar fáil straitéiseach agus forbartha ar an gcéad dul síos, agus é d'aidhm léi spriocanna deiridh a bhaint amach le go mbeidh cnuasach féilte agus imeachtaí d'ardchaighdeán ar fáil do phobal Bhiorra. Cuireann an tacaíocht sin ar a gcumas d'fhéilte cláir ealaíonta a fhorbairt a spreagann, a thugann dúshlán, agus a chruthaíonn siamsaíocht don lucht spéise, agus a leathnaíonn ionchuimsiú, rannpháirtíocht agus rochtain ar chultúr agus ar na healaíona do mhuintir Bhiorra'* (lch 36). Luaitear freisin sa tuarascáil go gcuireann BTAC spásanna léirithe ar fáil chomh maith le tacaíochtaí riaracháin, cur chun cinn, margaíochta agus léiriúcháin.

Áirítear ar na moltaí in 'Seeing the Beyond' leanúint leis an ngrúpa straitéiseach, seirbhísí gairmiúla a fhostú chun tacaíocht feidhmeannais chomhroinnte a sholáthar d'fhéilte Bhiorra, trealamh le tacú le beoshruthú, rannpháirtíocht le comhlachtaí turasóireachta agus meitheal a bhunú chun an fhéidearthacht a bhaineann le tionscadal taighde gníomhartha leis an oifig ealaíon a fhiosrú.

Anuas air sin, tagraíonn moladh ar leith (Uimh. 4) do BTAC, ag rá *'faoi choimirce Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra, ceapfaidh gach féile straitéis bunaithe ar fhianaise le haghaidh forbairt agus rannpháirtíocht lucht spéise le haghaidh chuibhreannas féilte Bhiorra'*. Léiríonn an t-ailíniú sin muinín na bpáirtithe a ndeachthas i gcomhairle leo agus na bpáirtithe leasmhara i ról agus saineolas BTAC maidir le forbairt lucht spéise.

...Cuireann an tacaíocht sin ar a gcumas d'fhéilte cláir ealaíonta a fhorbairt a spreagann, a thugann dúshlán, agus a chruthaíonn siamsaíocht don lucht spéise, agus a leathnaíonn ionchuimsiú, rannpháirtíocht agus rochtain ar chultúr agus ar na healaíona do mhuintir Bhiorra'.

Cé gur bhain Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra an-úsáid as an spás atá ar fáil dó, tá an foirgneamh teoranta don spás amharclannaíochta agus spás beag forhalla le haghaidh na ngníomhaíochtaí poiblí ar fad, rud a cuireann srian ar an gcumas le haghaidh spás tiomanta do na hamharcealaíona, agus i dtéarmaí léiriú agus forbairt saothar amharcealaíon laistigh den fhoirgneamh.

Cé gur féidir le hAmharclann Bhiorra freastal ar léirithe chomh maith le spásanna a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe, cleachtaí agus ceardlann sa spás taibhealaíon (e.g. ceol, damhsa, amharclannaíocht, litríocht agus scéalaíocht), tá bearnaí soiléire i mBiorra maidir le spás dánlainne, spás le haghaidh ceardlanna amharcealaíon agus spásanna oibre d'ealaíontóirí.

Tá meitheal a bunaíodh faoi choimirce Birr 2020 ag fiosrú na bhféidearthachtaí a bhaineann le sean-Teach na Cúirte i mBiorra mar spás cruthaithe le haghaidh stiúideonna, cónaitheachtaí, spás breise cleachtaidh agus forbairt saothair ar fud disciplíní ealaíon éagsúla, ina measc scannánaíocht, beochan, amharcealaín agus damhsa. D'fhreagródh an **'Chúirt Chruthaitheach'** sin do cheann de na príomhfhadhbanna i Straitéis Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí 2018–2022 a dhírigh ar an ngá le bonneagar ealaíon, stiúideonna ealaíontóirí agus moil rannpháirtíochta cruthaithí le haghaidh rannpháirtíocht an phobail a fhorbairt agus a neartú (lch 20), agus mar mhol cruthaitheach chun tacú le healaíontóirí áitiúla chun conair gairme inbhuanaithe a thógáil agus a gcleachtas cruthaitheach a neartú in Uíbh Fhailí.

Tá iar-Theach na Cúirte faoi úinéireacht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí anois (ó shamhradh 2021). Coimisiúnaíodh máistirphlean caomhnaithe agus tá oibreacha éigeandála ar bun chun imchlúdach an fhoirgnimh a chaomhnú. Níor cinneadh fós cén úsáid a bhainfear as an bhfoirgneamh agus, fiú i ndiaidh na hoibreacha éigeandála thuasluaite a chríochnú, tuigtear go dteastódh go leor obair bhreise chun an foirgneamh a réiteach le haghaidh aon chuspóir beartaithe.

D'fhéadfadh soláthar spáis oibre le haghaidh na dtionscal ealaíon agus cruthaitheach comhlántacht a sholáthar le BTAC maidir le saothar a chláreagrú, a choimisiúnú agus a chur i láthair. Mar spás oibre, d'fhéadfadh sé mol a sholáthar do chónaitheachtaí do chuideachtaí léiriúcháin scannánaíochta agus beochana, agus d'fhéilte i mBiorra chun nascadh le healaíontóirí agus lucht na n-ealaíon atá lonnaithe ansin agus saothar a fhorbairt ina dteannta. Caithfear úsáidí dá leithéid a shainiú níos mó, áfach, agus machnamh a dhéanamh orthu i gcomhthéacs an spáis atá ar fáil agus an chaoi a bhféadfaí é a chur in oiriúint.

Bheadh gá freisin le samhail rialachais agus samhail airgeadais inbhuanaithe a bhunú don 'Chúirt Chruthaitheach'. D'fhéadfadh go mbeadh an spás in ann ioncam a ghiniúint trí spás oibre comhroinnte agus do dhaoine aonair a ligean ar cíos.

Cé gur féidir le hAmharclann Bhiorra freastal ar léirithe chomh maith le spásanna a chur ar fáil le haghaidh cruinnithe, cleachtaí agus ceardlann sa spás taibhealaíon, tá bearnaí soiléire i mBiorra maidir le spás dánlainne, spás le haghaidh ceardlanna amharcealaíon agus spásanna oibre d'ealaíontóirí.

D'fhéadfadh an t-aistriú féideartha iar-COVID chuig cianoibriú/oibriú fánaíochta tacú le forbairt spáis dá leithéid, ach caithfear machnamh cuí a dhéanamh ar nádúr sainoiriúnaithe na saoráidí beartaithe. Chaithfí machnamh cuí a dhéanamh freisin ar an éileamh ar spás oibre, agus an chaoi a gcuirfeadh an Chúirt Chruthaitheach le spásanna ar nós Stream Birr.

Is príomhbhaile turasóireachta é Biorra agus aithníodh é faoin scéim **Bailte Cinn Scríbe Fháilte Éireann**, scéim a mhaoinítear faoi Thionscadal Éireann 2040 agus a bhfuil d'aidhm léi fás inbhuanaithe a spreagadh in earnáil turasóireachta na hÉireann chomh maith le hioncam níos airde agus cruthú post ar fud na hÉireann. Cuireann an scéim sin maoiniú ar fáil do Chomhairlí chun feabhas a chur ar spásanna poiblí ar nós cearnóg, sráid-dhreach agus margaí ar bhealach a mheallfaidh turasóirí agus a fheabhsóidh a n-eispéiris sna príomhbhailte, rud a d'fhéadfadh spásanna le haghaidh margaí bia agus ceardaíochta a áireamh, chomh maith le limistéir le haghaidh imeachtaí lár an bhaile, taispeántais ealaíne phoiblí, agus treoshuíomh agus comharthaíocht chun cabhrú le cuairteoirí oidhreacht áitiúil baile a fhiosrú.

Tagann an straitéis seo chun cinn ag am a bhfuil Biorra le tairbhe a bhaint as deiseanna straitéiseacha a bhaineann lena ainmniú mar Bhaile Cinn Scríbe ag Fáilte Éireann.

Cuireann an scéim sin maoiniú ar fáil do Chomhairlí chun feabhas a chur ar spásanna poiblí ar nós cearnóg, sráid-dhreach agus margaí ar bhealach a mheallfaidh turasóirí agus a fheabhsóidh a n-eispéiris sna príomhbhailte, rud a d'fhéadfadh spásanna le haghaidh margaí bia agus ceardaíochta a áireamh, chomh maith le limistéir le haghaidh imeachtaí lár an bhaile, taispeántais ealaíne phoiblí, agus treoshuíomh agus comharthaíocht chun cabhrú le cuairteoirí oidhreacht áitiúil baile a fhiosrú.

# Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra

| | |
|---|---|
| Úinéireacht suímh/talún | Is le The Birr Scientific and Heritage Foundation é. Tá léas 105 bliain ag Birr Stage Guild CLG agus is iad atá freagrach as costas cothabhála an fhoirgnimh. |
| Ullmhacht Bonneagair (agus Spásanna ar fáil) | Osclaíodh é Iúil 2000. Tá spás suí do 220 duine sa spás amharclannaíochta. Is spás solúbtha é is féidir a úsáid mar spásanna cleachtaidh etc. Tá dhá sheomra feistis ann, a úsáidtear le haghaidh ceardlanna beaga uaireanta. Úsáidtear spás an fhorhalla le haghaidh taispeántas. |
| Struchtúr Rialachais | Á rialú ag Birr Stage Guild (Musical & Drama Society), Company Limited by Guarantee.<br>Plean chun Bord na Stiúrthóirí nua a bhunú, in áit struchtúr na cuideachta bainistíochta mar atá ann faoi láthair. |
| Feidhmeannas Íoctha | Dhá phost FTE (36 uair an chloig): Stiúrthóir agus Margaíocht/Cuntais.<br>Ceithre phost pháirtaimseartha: Teicneoir/Airíoch x2 (19.5 uair an chloig); Oifig ticéad/fáiltiú & Riarachán/Cumarsáid (ag plé go díreach le lucht spéise, e.g., daoine óga, scoileanna, daoine scothaosta chun lucht spéise a fhorbairt) |
| Biorra | Clár a bhaineann le gach foirm ealaíne, go príomha ceol (comhaimseartha agus clasaiceach), scannán, amharclannaíocht agus ealaíona na n-óg. Comhléiriúchán ar fhéile Scripts, féile Hullaballoo. |
| Tosaíochtaí Cláir Soiléire | Clár a bhaineann le gach foirm ealaíne, go príomha ceol (comhaimseartha agus clasaiceach), scannán, amharclannaíocht agus ealaíona na n-óg. Comhléiriúchán ar fhéile Scripts, féile Hullaballoo. |
| Comhpháirtíochtaí/ Comhoibriú | Spreagadh le haghaidh fhorbairt fhéilte Bhiorra le deireanaí (OFFline, Scripts, Hullaballoo).<br>Comhléiriúchán na bhféilte 'Scripts' agus 'Hullaballoo' le comhpháirtithe. |
| Maoiniú Ioncaim | Clár Seirbhísí Pobail Pobal. An príomh-mhaoinitheoir, a chlúdaíonn 70% de na costais phárolla.<br>Maoiniú breise trí Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus an Chomhairle Ealaíon. |

# Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra – SWOT

## LÁIDREACHTAÍ

- Mol tábhachtach le saothar a léiriú agus a chur i láthair;
- Príomhról i bhforbairt féilte i mBiorra agus in Uíbh Fhailí a éascú;
- Straitéis mhionsonraithe comhaontaithe;
- Tionscnaimh áitiúla for-rochtana, pobail agus óige tosaithe;
- Freagrúil ar riachtanais áitiúla;
- Ag fás lucht spéise dá chlár san amharclanna;
- Biorra. Bheadh go leor bailte eile in éad leis an mbaile mar gheall ar a acmhainní agus – de bharr go ndéantar iad a choimeád agus a chur in iúl go stuama – cuirtear comhthéacs agus foinse gan teorainn ar fáil do rannpháirtíocht chomhoibríoch. Tá cur chuige fadbhunaithe, neamhspleách agus muiníneach ag an mbaile freisin i leith oidhreacht chultúrtha agus forbartha, agus tá líonraí agus acmhainní áitiúla dea-fhorbartha aige.

## DÚSHLÁIN/LAIGÍ

- Acmhainní a chur ar fáil – agus na dúshláin a chruthaíonn easpa acmhainní do rannpháirtíocht níos leithne/níos forghníomhaí ar fud na hearnála ealaíon;
- Srianta spáis le haghaidh oifigí, cruinnithe, ceardlann, cónaitheachtaí ealaíontóirí;
- Níl spás oiriúnach san ionad ealaíon le haghaidh clár amharcealaíon. Cé go gcuireann an forhalla spás ar fáil d'ealaíontóirí a dhéanann saothar de chineál/scála ar leith, ní fhéadfaí clár amharcealaíon a chur sa spás atá iomaíoch i gcomhthéacs an mhaoinithe náisiúnta agus baineann an bhéim sin an bonn de rún straitéiseach agus acmhainneacht an ionaid ealaíon;
- Seasamh ealaíonta straitéiseach chun ailíniú le Beartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon le haghaidh Ionad Ealaíon a léiriú (e.g. maidir le cláir forbartha, éagsúlacht na dtacaíochtaí d'ealaíontóirí lasmuigh de thaibhithe, ceardlanna agus taispeántais, etc.);
- Tá gá leis na líonraí agus an treoir atá ar fáil don ionad ealaíon a leathnú; e.g. dearcadh saineolaithe seachtracha ar an mbord, maidir leis an earnáil ealaíon níos leithne, naisc le turasóireacht chultúrtha, etc. (ag tabhairt ar aird go luaitear an uaillmhian dearcthaí breise a thabhairt isteach i straitéis BTAC).

# Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra – SWOT

## DEISEANNA

- Fís Straitéiseach agus tosaíochtaí a fhorbairt le haghaidh comhpháirtíocht féilte (e.g. chun comhpháirtíochtaí a chur ar bhonn foirmiúil le féilte, comhchuspóirí agus aon deiseanna le haghaidh cláreagrú i gcomhpháirt, comhchónaitheachtaí agus nádúr na dtacaíochtaí i soláthar seirbhíse a shoiléiriú);
- I bhfianaise nádúr an spáis, tá deiseanna ann saothar seachtrach a chláreagrú, lasmuigh dá cheithre bhalla, go háirithe i gcás na n-amharcealaíon. D'fhéadfadh sé sin plé le cláir coimeádaí chónaithe i spásanna ealaíon eile nó iad a chur san áireamh (e.g. Caisleán Leasa Móire nó Ionad Ealaíon Ros Comáin). D'fhéadfaí clár mar sin a chomhordú agus a choimeád chun tionscadail chomhtháite a chur i gcrích i gcomhpháirt le Caisleán Bhiorra, le féilte áitiúla agus/nó ag féachaint do thogra na Cúirte Cruthaithí. D'fhéadfadh an réamhchlár do VISUAL Carlow, obair Uilinn sa Sciobairín (daonra 2,778) agus an cur chuige i leith tacaíochtaí d'ealaíontóirí in The Glens Centre i gCluainín a bheith ábhartha freisin do chur chuige BTAC i leith cláreagrú;
- Comhpháirtíocht le Dánlann agus Iarsmalann Eolaíochta Chaisleán Bhiorra agus an tsaoráid breathnaithe réaltfhisice (I-LOFAR) le haghaidh cónaitheachtaí cruthaitheacha/coimisiún ag aistriú go dtí na dtionscal STEAM agus cruthaitheach;
- Scannánaíocht, beochan, closealaíona agus amharcealaíona agus cónaitheachtaí cruthaitheacha/stiúideonna trí Chúirt Chruthaitheach Bhiorra chun clár ealaíonta a leathnú le cuir chuige nuálacha/meáin dhigiteacha;
- Comhoibriú leis an ionad ealaíon nua i dTulach Mhór agus deis an ionaid ealaíon nua a thapú chun aird a tharraingt ar na struchtúir agus an dul chun cinn atá i mBiorra cheana féin;
- Ról ceannaireachta a imirt i soláthar an tionscnaimh 'Seeing the Beyond' le haghaidh féilte;
- Ról ceannaireachta/príomh-chomhpháirtí a imirt i bhforbairt Chúirt Chruthaitheach Bhiorra.

## BAGAIRTÍ

- Leanfaidh srianta COVID-19 ag imirt tionchar ar an tsamhail oibrithe reatha, ag cur isteach ar acmhainneacht ioncaim na hoifige ticéad de bharr spás teoranta don lucht spéise nó athrú ar phatrúin an lucht spéise.
- Cuirfear deireadh le maoiniú Chlár Seirbhísí Pobail Pobal.
- Bheadh tograí chun 'Cúirt Chruthaitheach Bhiorra' a fhorbairt san iomaíocht le hobair BTAC, nó d'imreofaí tionchar ar an tacaíocht do BTAC.
- Ní ghlactar go fonnmhar le geilleagar oíche Bhiorra ná ní dhéantar é a chur chun cinn, ní thapaítear na deiseanna a bhaineann le naisc le heolaíocht agus teicneolaíocht, agus tá acmhainneacht BTAC mar spreagthóir teoranta.
- Lagaíonn an tionchar ar na rátaí mar gheall ar an aistriú ó thionscal agus giniúint cumhachta bunaithe ar mhóin cumas Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí seirbhísí sóisialta, cultúrtha agus caitheamh aimseartha a fhorbairt/a chothú.

# Na Príomhcheisteanna ar Cheart Machnamh a Dhéanamh Orthu:

Tá Plean Straitéiseach Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra (BTAC) uaillmhianach. Tá a mhisean sainráite fadréimseach, agus tacaíocht aige ó 11 aidhm agus cuspóir. Tá na 'réimsí forbartha/spriocanna' struchtúrtha thar fhorbairt foirme ealaíne, riachtanais tógála, comharbas agus inbhuanaitheacht (baineann inbhuanaitheacht le 'foireann' agus 'maoiniú' agus oibriú an ionaid, seachas inbhuanaitheacht i gcomhthéacs aeráide).

Molann BTAC athbhreithniú ar an mbeartas amharcealaíon. Ní an spás amharcealaíon in BTAC iomaíoch agus, cé go mbeidh go leor ealaíontóirí fós ag iarraidh taispeántas a dhéanamh ann agus tairbhe a bhaint as daoine a bhíonn san ionad, moltar gur cheart an spás atá ar fáil a spriocdhíriú chun tacú le deiseanna tráchtála agus cur chun cinn le haghaidh na gcineálacha saothair a d'fheilfeadh go maith don spás. Má tá maoiniú le lorg le haghaidh tionscadail agus cláir amharcealaíon, ba cheart na tionscnaimh sin a chur i láthair mar thionscadail sheachtracha.

Laistigh de straitéis BTAC le haghaidh 'réimsí forbartha', léiríonn cuid de na spriocanna ábhar imní oibriúcháin seachas straitéiseach, rud a tharraingíonn aird ar an mbéim fós atá ar bhrú oibriúcháin.

Teastaíonn cur chuige straitéiseach beacht má tá BTAC le suíomh ceannaireachta a choinneáil i gcomhthéacs athraithe na forbartha agus na ndeiseanna cultúrtha i mBiorra; chomh maith le comhthéacs athraithe na n-ealaíon in Uíbh Fhailí agus níos faide i gcéin. D'fhéadfadh an comhthéacs iar-COVID dúshláin a chruthú do BTAC, ach oiread le go leor ionaid eile, ach d'fhéadfadh sé deis a chruthú freisin do BTAC díriú ar réimsí láidreachta.

Dearbhaíonn plean straitéiseach BTAC an uaillmhian go mbeadh BTAC 'mar chroílár an éiceachórais chruthaithigh i mbaile Bhiorra'. I bhfianaise shaibhreas thairiscint Bhiorra atá uathúil in Uíbh Fhailí, i Lár na Tíre, sna Croíthailte Folaithe agus in Éirinn féin fiú – ó thionscnaimh straitéiseacha a bhaineann le turasóireacht chultúrtha agus féilte, agus an 'Chúirt Chruthaitheach', go hacmhainneacht níos leithne le naisc leis an gcaisleán agus eolaíocht, innealtóireacht, fionnachtain, réalteolaíocht, STEAM, luibheolaíocht, grianghrafadóireacht, etc. – ba cheart do BTAC tús áite a thabhairt don uaillmhian sin a bheith mar chroílár an éiceachórais chruthaithigh i mBiorra. Baineann sé seo le níos mó ná lucht spéise a fhorbairt. Céard is féidir le hIonad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra a dhéanamh do Bhiorra?

Ní hionann fócas dá leithéid agus cúngú dearcaidh. Ina áit sin, tá sé ag craobhscaoileadh áit Bhiorra sa domhan. Tagann sé go maith freisin le Beartas agus Straitéis na Comhairle Ealaíon le haghaidh Ionad Ealaíon, 2019, ina n-aithnítear go bhfuil *'léiriú saothair ar fud foirmeacha ealaíne i suíomhanna éagsúla, seachas lonnaithe i mBaile Átha Cliath den chuid is mó, an-inmhianaithe. Déantar freastal níos fearr ar ealaíontóirí, rannpháirtithe agus lucht spéise nuair is féidir saothar a dhéanamh i raon áiteanna ar fud na hÉireann, agus cuireann miondifríocht réigiúnach le haitheantas agus úinéireacht an tsaothair'.*

Ba cheart don ghníomh beartaithe (laistigh de straitéis BTAC) chun comhaltaí boird nua a lorg dearcthaí seachtracha le líonraí bunaithe agus cuntais teiste ar an leibhéal náisiúnta i gcoimisiúnú, léiriú agus cur chun cinn na n-ealaíon a chur san áireamh. Ba cheart do thionscadail agus do thionscnaimh forbartha iarracht a dhéanamh freisin comhpháirtíochtaí leathana a bhaint amach (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) – ag baint leas an méid atá le tairiscint ag Biorra. Ina theannta sin, nuair is féidir le BTAC lucht spéise maith a thabhairt le chéile chun saothar maith a fheiceáil, beidh éileamh leanúnach ó ealaíontóirí agus ó chompántais ar dhul ar camchuairt go Biorra.


EDEN DECOR CENTRE

# 3.2 Éadan Doire – Saoráid Chomhtháite Leabharlainne agus Ealaíon a Bheartaítear

Beartaítear saoráid nua chomhtháite leabharlainne agus ealaíon le haghaidh Éadan Doire. Moltar an spás sin in **Blundell Masterplan (2020)**, ina sainaithnítear an gá le spás nua leabharlainne agus ealaíon in Éadan Doire. Déantar machnamh sa mháistirphlean sin ar chur chuige a mhéadódh tréscaoilteacht, agus é curtha i gcrích, laistigh de phríomhcheantair an bhaile agus a nascfadh an príomhshráid (JKL) le forbairt úsáidí measctha agus fearainn páirce chuig saoráidí cónaithe agus an Chanáil Mhór. Aithnítear in Blundell Masterplan go bhfuil suíomh Éadan Doire *'gar do phríomhbhealaí iompair tar éis a fhágáil go mbaineann an daonra tairbhe as áit chónaithe níos saoire ach ní bhíonn mórán éilimh ná ama chun caitheamh i lár an bhaile féin. Cé go bhfuil an daonra sách óg, is beag úsáid a bhaintear as seirbhísí sa bhaile agus tá táscairí soiléire de chor chun donais eacnamaíoch le feiceáil i lár an bhaile sna suíomhanna folmha agus in anchaoi'*.

Luaitear sa mháistirphlean *'go bhfuil gá le spás nua leabharlainne agus ealaíon'* agus deirtear go mbeidh sé *'ina cheann scríbe tábhachtach pobail ar Shráid JKL, ag cur beocht, gníomhaíocht agus nasc nua chuig an bpáirc ar fáil... (agus) ag gníomhú mar chrann taca, ag cabhrú le daoine agus gníomhaíocht luachmhar a mhealladh tríd an mbaile i rith an lae agus na seachtaine'*.

Mar aitheantas don ghá atá le saoráid mar sin, d'éirigh leis an tionscadal beartaithe le haghaidh spás leabharlainne agus ealaíon faoi iarratas ar chatagóir 2 den Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe le haghaidh €2.6m. Chuir foireann deartha faoi stiúir Ailtire tús le bunchéim an deartha. Moltar a luaithe a chríochnaítear an dearadh agus pleanáil deiridh, go ndéanfaí iarratas ar chatagóir 1 den Chiste chun gur féidir tús a chur leis an gcéad chéim eile den tionscadal.

Togra le haghaidh spás leabharlainne agus ealaíon é, ina mbeadh:

- Leabharlann phobail, seomraí cruinnithe, saoráidí ríomhfhoghlama agus taighde;
- Seirbhísí 'Mo Leabharlann Oscailte';
- Spás Leabharlainne agus Ealaíon comhroinnte;
- Stiúideonna ealaíontóirí;
- Limistéar le haghaidh cláir lasmuigh.

Cé go bhfuil an spás ealaíne ina chuid den tsaoráid chomhtháite leabharlainne agus ealaíon, meastar go gcuirfidh dearadh na saoráide ar a gcumas don spás ealaíon feidhmiú as a stuaim féin, nuair is gá. Tá suíomh na saoráide leabharlainne agus ealaíon mar atá sa togra faoi láthair go maith.

*'go bhfuil gá le spás nua leabharlainne agus ealaíon'* agus deirtear go mbeidh sé *'ina cheann scríbe tábhachtach pobail ar Shráid JKL, ag cur beocht, gníomhaíocht agus nasc nua chuig an bpáirc ar fáil ... (agus) ag gníomhú mar chrann taca, ag cabhrú le daoine agus gníomhaíocht luachmhar a mhealladh tríd an mbaile i rith an lae agus na seachtaine'*.

Tá deis ar leith ag Éadan Doire próisis, cláir agus struchtúir a fhorbairt a d'fhéadfadh an chaoi ar cheart an ghné ealaíon den chlár sin a rith a fhiosrú agus a threorú mar gheall ar rath Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí **ainmniú agus dámhachtain Éadan Doire mar Áit Chruthaitheach** a fháil ón gComhairle Ealaíon. Trí thionscnamh na nÁiteanna Cruthaitheacha, tá Éadan Doire, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Comhairle Bardasach Éadan Doire ag obair i gcomhpháirt le Creative Lives, carthanas a thacaíonn le daoine agus a spreagann iad le bheith cruthaitheach ina saol laethúil, ar thionscadal uaillmhianach €500,000 a mhairfidh trí bliana chun an saol cruthaitheach agus cultúrtha in Éadan Doire a mhúscailt.

Áirítear leis an tionscadal atá á stiúradh ag Creative Lives coiste stiúrtha ar a bhfuil Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Ceantar Bardasach Éadan Doire, chomh maith le Seirbhís Leabharlainne Chontae Uíbh Fhailí, Éadan Doire Cruthaitheach, North Offaly Community Development Network CLG agus Edenderry Community Cabin. Is é uaillmhian na gcomhpháirtithe éascaíocht a dhéanamh ar theacht chun cinn sainiúlachta láidre cultúrtha le haghaidh an cheantair agus tacú le líonraí inbhuanaithe agus deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht agus rannpháirteachas cultúrtha. Beidh sé d'aidhm aige é sin a bhaint amach trí mhodhanna oscailte, comhoibríocha a phléann leis an bpobal ar leibhéal na cosmhuintire.

Tógann an obair ar thionscnaimh a cuireadh i gcrích le deireanaí i gcomhpháirt ag Creative Lives agus Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, as ar eascair cruthú an ghrúpa pobail Éadan Doire Cruthaitheach.

Is é uaillmhian na gcomhpháirtithe éascaíocht a dhéanamh ar theacht chun cinn sainiúlachta láidre cultúrtha le haghaidh an cheantair agus tacú le líonraí inbhuanaithe agus deiseanna le haghaidh rannpháirtíocht agus rannpháirteachas cultúrtha. Beidh sé d'aidhm aige é sin a bhaint amach trí mhodhanna oscailte, comhoibríocha a phléann leis an bpobal ar leibhéal na cosmhuintire.

## Éadan Doire – Saoráid Chomhtháite Leabharlainne agus Ealaíon a Bheartaítear

| | |
|---|---|
| Úinéireacht suímh/talún | Is le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an talamh. |
| Ullmhacht Bonneagair (agus Spásanna ar fáil) | Tá Foirgneamh Comhtháite Ealaíon agus Leabharlainne ina chuid lárnach de Blundell Masterplan agus den iarratas ar mhaoiniú faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe. |
| Struchtúr Rialachais | Meastar go ndéanfaidh oifig ealaíon agus seirbhísí leabharlainne Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí an spás a bhainistiú le chéile. |
| Feidhmeannas Íoctha | Meastar go ndéanfaidh an oifig ealaíon agus na seirbhísí leabharlainne an spás a bhainistiú le chéile. Beidh acmhainní ar an láthair ag an tseirbhís leabharlainne a bheidh ag plé go príomha le seirbhísí leabharlainne agus cláir imeachtaí a chur ar fáil. Ní léir fós cé na hacmhainní ar an láthair a bheidh ar fáil chun tacú le cláir bunaithe ar na healaíona. |
| Straitéis | Níl aon straitéis i bhfeidhm don spás ealaíon, ach d'fhéadfaí príomhcholúin/tosaíochtaí na straitéise a thiomsú ó thionscadal Áiteanna Cruthaitheacha. |
| Tosaíochtaí Cláir Soiléire | Níl, ach beidh an-luach ag baint leis an tionscadal Áiteanna Cruthaitheacha ina leith. |
| Comhpháirtíochtaí/ Comhoibriú | Áirítear leis an tionscadal Áiteanna Cruthaitheacha Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Ceantar Bardasach Éadan Doire, chomh maith le Seirbhís Leabharlainne Chontae Uíbh Fhailí, Éadan Doire Cruthaitheach, North Offaly Community Development Network CLG agus Edenderry Community Cabin. Is comhpháirtithe tábhachtacha iad an Chomhairle Ealaíon agus Creative Lives sa tionscadal seo freisin. |
| Maoiniú Ioncaim | Samhlaítear go gcuirfear acmhainní ar fáil don chlár le haghaidh an spáis ealaíon trí thionscnaimh a stiúrfaidh an oifig ealaíon agus an tseirbhís leabharlainne.. |

## Saoráid Ealaíon agus Leabharlainne Éadan Doire – SWOT

### LÁIDREACHTAÍ

- Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag stiúradh an tionscadail agus tugann an t-údarás áitiúil saineolas forbartha caipitil chomh maith le saineolas i leith seirbhísí leabharlainne agus cláir ealaíon.
- Tá cuimsiú stiúideonna ealaíontóirí ar an láthair tábhachtach chun sainiúlacht chruthaitheach a chruthú don tionscadal. D'fhéadfadh sé sin leas a bhaint as suíomh Éadan Doire agus a nascacht le mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus cumasaíonn sé cláir chónaitheachta a phléann le hÉadan Doire.
- Cuireann comhláithriú spásanna ealaíon agus leabharlainne éifeachtúlachtaí ar fáil i dtéarmaí costais chaipitil agus fuinnimh, agus d'fhéadfadh sé na healaíona a shuíomh i gcomhthéacs láidir bardasach ag a bhfuil féidearthacht bacainní a bhaint.
- De bharr rannpháirtíocht i gcomhairliúcháin faoi Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire agus tionscadail atá ag teacht chun cinn, agus an tacaíocht dóibh, bhíothas in ann tabhairt faoi phlé díreach le healaíontóirí agus an pobal maidir lena n-uaillmhianta do sholáthar leabharlainne agus ealaíon in Éadan Doire.
- Suíomh an spáis a bheartaítear sa bhaile.

### DÚSHLÁIN/LAIGÍ

- Níl aon straitéis mhionsonraithe, cur chuige cláreagraithe ná samhail oibriúcháin aontaithe fós, cé go gcuirtear san áireamh sa spás a bheartaítear go bhfuil easnamh ginearálta sa chontae maidir le spásanna oibre d'ealaíontóirí.
- Ní fhaigheann seirbhísí ealaíon sna húdaráis áitiúla an oiread céanna acmhainní le seirbhísí leabharlainne. Má tá an tseirbhís ealaíon agus an tseirbhís leabharlainne le clár an spáis ealaíon a roinnt 50/50, caithfear bunú an chláir agus na costais oibriúcháin a chinneadh, agus cibé an éascóidh/an gcumasóidh foireann na leabharlainne imeachtaí ealaínbhunaithe.
- Is féidir leis a bheith dúshlánach do phróifíl spásanna ealaíon 'hibride' iad féin a chur in iúl i gcomhthéacsanna ealaíon gairmiúla níos leithne.

## Saoráid Ealaíon agus Leabharlainne Éadan Doire – SWOT

### DEISEANNA

- Cuireann an tionscnamh 'Áiteanna Cruthaitheacha' fócas soiléir straitéiseach ar fáil do na healaíona in Éadan Doire, ag cabhrú leis na bealaí a bhféadfadh spás comhtháite/solúbtha luach a chruthú a fhiosrú agus a shainiú.
- Is féidir le spásanna comhtháite/solúbtha a bheith spleodrach agus bheadh sé d'acmhainn ag saoráid nua a clár oibre féin a shocrú.
- D'fhéadfadh cláreagrú comhtháite freastal ar an spás/gclár oibre comhtháite go maith, áit a mbeadh na healaíona agus leabharlanna ag comhoibriú le chéile agus le comhpháirtithe seachtracha ábhartha chun an leas is fearr is féidir a bhaint as infheistíocht. (D'fhéadfadh Straitéis Chultúir agus Chruthaitheacha Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a bheith ábhartha anseo).
- Tá caidreamh bunaithe idir na seirbhísí ealaíon agus leabharlainne, trí chláir roinnte nó tacaíocht ó leabharlanna le haghaidh cláir ealaíon e.g. Hullaballoo. D'fhéadfaí tógáil air sin chun straitéis inoibrithe a cheapadh le haghaidh Éadan Doire.
- Daonra óg atá ag fás. Cuireann an spás ealaíon deis ar fáil plé leis na cohóirt sin agus an daonra comaitéireachta a nascadh le cultúr an chontae.
- D'fhéadfadh an spás nua aghaidh a thabhairt ar laigí reatha sa bhonneagar amharcealaíon sa chontae.

### BAGAIRTÍ

- Go leanfaidh an daonra nua/comaitéireachta ag féachaint i dtreo Bhaile Átha Cliath, seachas Éadan Doire/Uíbh Fhailí, le haghaidh cultúir/caitheamh aimsire.
- Is féidir le spásanna comhtháite/solúbtha a bheith dúshlánach agus níl treoir shoiléir ann fós don spás ealaíon, cé go moltar sa treoir (ar nós threoir an Theatre Forum) gur cheart beartas cláreagraithe d'ionad a chur i bhfeidhm sula ndeartar an t-ionad;
- Nach bhfuil maoiniú caipitil don spás ealaíon réadaithe;
- Lagaíonn an tionchar ar na rátaí mar gheall ar an aistriú ó thionscal agus giniúint cumhachta bunaithe ar mhóin cumas Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí seirbhísí sóisialta, cultúrtha agus caitheamh aimseartha a fhorbairt/a chothú;
- Nach leor an hacmhainní ealaíon chun clár a chothú le himeacht aimsire agus go dtiontódh an spás ina síneadh leis an tseirbhís leabharlainne seachas freastal ar riachtanais/acmhainneacht ealaíon an cheantair áitiúil. I gcás dá leithéid, d'fhéadfadh nach leor na hacmhainní leabharlainne amháin chun an spás ná an clár a chothú.

## Na Príomhcheisteanna ar Cheart Machnamh a Dhéanamh Orthu:

Is é Éadan Doire an dara baile is mó in Uíbh Fhailí agus tá daonra aige a dhúbail idir 1996 agus 2016. Tá an daonra níos óige ná an meán náisiúnta agus i bhfad níos éagsúla, agus bíonn go leor de na daoine a chónaíonn ann ag taisteal go ceantar Bhaile Átha Cliath don obair. Tá traidisiún seanbhunaithe ag Leabharlann Chontae Uíbh Fhailí de rannpháirtíocht chathartha agus chultúrtha níos leithne, ó scéalaíocht agus léamha go himeachtaí a bhaineann le stair áitiúil, eolaíocht agus teicneolaíocht agus naisc le féilte áitiúla agus tionscnaimh náisiúnta. D'fhéadfadh tionscadal Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire a bheith ina dheis chinniúnach don togra chun spás ealaíon a fhorbairt in Éadan Doire – rannpháirtíocht ealaínbhunaithe a fhorbairt i dteannta tionscadal caipitil beartaithe a fhorbairt.

Tugann an tionscadal Éadan Doire Cruthaitheach deis do chomhpháirtithe roghanna cláir a fhiosrú, tosaíochtaí a shainaithint, machnaimh a dhéanamh ar riachtanais oibriúcháin ar thosaíochtaí na gclár sin agus straitéis a chur i bhfeidhm trínar féidir leis an spás atá le forbairt an leibhéal gníomhaíochta agus seirbhíse a chothóidh Éadan Doire Cruthaitheach a chothú agus a fhorbairt.

Tráth na scríbhneoireachta, is tionscadal beartaithe é seo agus is beag machnaimh a rinneadh ar an gcaoi a bhfeidhmeoidh an spás ealaíon a bheartaítear, vis-à-vis:

- Miondealú idir úsáid ealaíon agus leabharlainne;
- Miondealú idir úsáidí taispeántais, taibhithe agus rannpháirteachais; agus
- Mar a mbainisteofar an spás.

Is dúshlán ann féin é an daonra comaitéireachta. An bhfuil sé d'am acu nascadh le hÉadan Doire agus Uíbh Fhailí agus an bhfuil fonn orthu déanamh amhlaidh? Cén muintearas a bhraitheann siad leis an gcontae mar áit ar féidir leo a saol iomlán a chaitheamh? An gcruthóidh athruithe iar-COVID agus cianoibriú deiseanna nua le haghaidh rannpháirtíochta anseo?

Feileann smaointe faoi 'mhuintearas' go maith do chomhthéacs bardasach[2]; go mbraitheann daoine gur leo an spás ealaíon agus go bhfuil áit dóibh i spás ealaíon. Sa chás go gcuireann údarás áitiúil bunús láidir ar fáil d'fhorbairt saoráidí poiblí, caithfear gnéithe riachtanacha dearaidh, bainistíochta agus próisis oibriúcháin (ó lá go lá) a struchtúrú chun muintearas a bhaint amach, agus meastar go bhfuil sé sin riachtanach le go n-éireoidh le hÉadan Doire.

Is dúshlán ann féin é an daonra comaitéireachta. An bhfuil sé d'am acu nascadh le hÉadan Doire agus Uíbh Fhailí agus an bhfuil fonn orthu déanamh amhlaidh? Cén muintearas a bhraitheann siad leis an gcontae mar áit ar féidir leo a saol iomlán a chaitheamh? An gcruthóidh athruithe iar-COVID agus cianoibriú deiseanna nua le haghaidh rannpháirtíochta anseo?

[2] *'Belonging to a town or a city'*; https://dictionary.cambridge.org/dictionary/english/municipal

Dá bhrí sin caithfear leas a bhaint as an spleodar déimeagrafach laistigh de dhaonra Éadan Doire laistigh den spás agus tá sé riachtanach go luaitear tábhacht an tionscadail fhoriomláin i dtéarmaí cuimsiú sóisialta. Dá réir, is féidir le comhar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí le tionscadal Áiteanna Cruthaitheach Éadan Doire a chinntiú go bhfuil braistint pobail agus muintearais níos fearr ann, ag cumasú cuimsiú agus comhtháthú sóisialta trí ghníomhaíochtaí cultúrtha comhroinnte. Cé go bhfuil sé tábhachtach go gcuirtear na haidhmeanna sin san áireamh in éiteas cláreagraithe an spáis, tá sé riachtanach freisin nach measctar cuspóir an Spáis Ealaíon agus Leabharlainne le feidhmeanna Ionaid Pobail. D'fhéadfadh, mar shampla, nach mbeadh roinnt gníomhaíochtaí a tharlódh in Ionad Pobail go hiondúil feiliúnach do chuspóir nó d'oibríocht an Spáis Ealaíon.

Ach le cur chuige soiléir agus comhaontaithe i leith chláreagrú comhpháirteach an spáis idir an tseirbhís leabharlainne agus an oifig ealaíon, chinnteofaí cothromaíocht mhaith idir imeachtaí ealaíon, taispeántais, ceardlanna, cainteanna agus taibhithe gairmiúla, chomh maith le cláreagrú leabharlainne cuimsithe shóisialta don phobal, ar nós imeachtaí léitheoirí, clubanna leabhar, ciorcail cniotála agus gníomhaíochtaí eile a thacódh le feachtais náisiúnta leabharlainne.

Más mol é an spás le haghaidh 'gníomhaíochtaí cultúrtha comhroinnte', tugtar fuinneamh le fios ina bhféadfadh torann, gáire, díospóireacht agus comhar a bheith ina ngnéithe tábhachtacha de na gníomhaíochtaí. Beidh an cumas fuaim a insliú agus an spás a dheighilt amach ó bhreathnú nach bhfuil de dhíth, cur isteach nó briseadh an-tábhachtach freisin.

Tiocfaidh roinnt ceisteanna tábhachtacha eile chun cinn sa phróiseas dearaidh freisin. Cé na foirmeacha ealaíne a bhfreastalóidh sé air? An mbeidh an spás in ann freastal ar cheardlanna le haghaidh obair fhliuch chomh maith le hobair thirim? An mbeidh spás stórála sa tsaoráid le haghaidh grúpaí ionas gur féidir leat teacht ar threalamh/ábhair chun obair a bhunú agus a dhéanamh go héasca? Cén chaoi a mbainisteofar solas agus soilse sa spás? Caithfear dianmhachnamh a dhéanamh ar dhearadh agus feidhmiú an spáis ealaíon agus iad a fhiosrú ó thaobh pátrún, próisis ghníomhacha/rannpháirtíochta, agus iad siúd a léireoidh tionscadail agus cláir agus a chuirfidh i láthair iad. I bhfianaise a dtaithí le deireanaí ar ionad nua ealaíon a fhorbairt i dTulach Mhór, tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i suíomh maith chun dul i ngleic leis na dúshláin dearaidh sin.

Dá bhrí sin caithfear leas a bhaint as an spleodar déimeagrafach laistigh de dhaonra Éadan Doire laistigh den spás agus tá sé riachtanach go luaitear tábhacht an tionscadail fhoriomláin i dtéarmaí cuimsiú sóisialta.

Chomh maith le dearadh an spáis ealaíon, caithfear machnamh a dhéanamh ar cibé an mbraitheann solúbthacht an spáis ealaíon (anuas ar an tsolúbthacht a chruthaíonn an spás ealaíon don leabharlann) ar:

a) Sceidealú – Nach mbeadh ceardlanna/taibhithe/cruinnithe lena mbaineann gluaiseacht ar siúl ag an am céanna le taispeántais sa spás céanna (seachas má dheimhníonn ealaíontóirí/árachóirí go n-aontaíonn siad leis an socrú sin); nó
b) Foireann – Go bhfuil acmhainní oibriúcháin i bhfeidhm chun saothar amharcealaíon a scáthú/a bhaint/a chosaint nuair a theastaíonn an spás le haghaidh aistriú tapa an spáis idir taispeántas agus taibhithe, agus an spás a aistriú arís don ghníomhaíocht/eispéireas a theastaíonn an lá dár gcionn.

Ba cheart leas a bhaint as an dá mhodh (i.e. sceidealú agus foireann), le srianta ar an gclár/féilire ag amanna áirithe den bhliain le haghaidh tionscadail ealaíon a mbeadh suiteálacha níos suntasaí ag baint leo, agus machnamh ar réitigh dearaidh chun saothar 2T nó bunaithe ar scáileán a bhainistiú go sábháilte d'fhormhór na bliana, tráth a bhféadfaí an spás ealaíon a úsáid go sábháilte le haghaidh cleachtaí, ceardlann, taibhithe lena mbaineann gluaiseacht.

Beidh ar Éadan Doire pleanáil agus straitéis a leagan amach a mhairfidh níos faide ná próiseas Áiteanna Cruthaitheacha Éadan Doire, agus ba cheart é sin a dhéanamh ón tús ar fad. Is dóigh gur comhpháirtithe luachmhara a bheidh i saineolas agus acmhainní na n-ionad ealaíon lánaimseartha i mBiorra agus i dTulach Mhór. D'fhéadfadh na comhpháirtíochtaí sin tacú le tionscnaimh in Éadan Doire, tionscnaimh ó Éadan Doire, nó comhthionscadail agus comhchláir.

Cén chaoi ar mian le hÉadan Doire leas a bhaint as na hacmhainní a bheidh i mBiorra agus i dTulach Mhór san fhadtéarma? An féidir comhpháirtíochtaí a bhunú anois i gcomhthéacs Éadan Doire Cruthaitheach a leanfaidh ag 'saothrú' d'Éadan Doire san fhadtéarma, nuair a thagann deireadh leis an tionscadal Éadan Doire Cruthaitheach? Tá sé tábhachtach go bhfuil aon tionscnamh comhpháirtíochta sa chomhthéacs seo dírithe go soiléir ar mhaithe le hÉadan Doire, agus go bhféadfadh Éadan Doire Cruthaitheach agus Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí measúnú a dhéanamh ina choinne an bhféadfadh tograí ó na hionaid ealaíon i mBiorra nó i dTulach Mhór (nó comhpháirtithe ealaíon eile) in ann freastal ar Éadan Doire. Bhainfeadh tairbhe le rath na dtionscnamh comhpháirtíochta sin i dtéarmaí naisc a láidriú idir cónaitheoirí nua in Éadan Doire agus an chuid eile d'Uíbh Fhailí agus a



# 3.3 Tulach Mhór – Esker Arts

Bhí súil le fada leis an ionad ealaíon i dTulach Mhór, Esker Arts, agus roinnt páirtithe leasmhara ag lua gur cuireadh tús leis an uaillmhian siar sna 1990idí. Tá cuspóir sainráite ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí i leith ionad ealaíon a fhorbairt i dTulach Mhór i bPlean Forbartha Contae 2003–2009 agus luaitear an bhearna i mbonneagar ealaíon Uíbh Fhailí i dtuarascáil Auditoria na Comhairle Ealaíon ó 2004. Bhí feachtas suntasach tiomsaithe airgid ag an bpobal, agus tháinig deireadh leis an gcur chuige a beartaíodh ar dtús sular aontaigh an t-údarás áitiúil an t-áitreabh reatha a cheannach agus a fhorbairt. Bhí an fhorbairt sin indéanta mar gheall ar an infheistíocht chomhoibríoch idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus coiste Ionad Ealaíon Pobail Thulach Mhór; as ar eascair bunú Esker Arts CLG. Osclaíodh Esker Arts (i ndiaidh fhaomhadh deiridh na cáipéise críochnaithe seo) in Aibreán 2023.

Tá spás taibhithe 228 suíochán san ionad ealaíon chomh maith le seomraí feistis agus seomra glas, i dteannta halla lasmuigh, dhá spás dánlainne, roinnt ceardlann/spásanna stiúideo, beár amharclainne, beár caife, agus roinnt oifigí.

Tá scála agus meascán na saoráidí laistigh den ionad ealaíon seo go maith nuair a chuirtear i gcomparáid le hionaid ealaíon i mbailte contae eile é. Tá roinnt spásanna solúbtha ann faoi láthair (seomra ealaíne/ceardlann etc.) agus d'fhéadfaí úsáidí difriúla a bhaint astu seo le himeacht aimsire, nó i gcláir éagsúla, chun freastal ar riachtanais an ionaid. Beidh tairbhe faoi leith ag baint leis an tsolúbthacht sin do na hamharcealaíona; tá dánlann urlár na talún i suíomh maith (gar don tsráid, an bealach isteach agus an deasc eolais) agus beidh tionscadail níos mó in ann leas a bhaint as rochtain ar an dánlann níos mó ar an gcéad urlár.

Tharraing go leor páirtithe leasmhara aird ar shuíomh Thulach Mhór mar phríomhláidreacht don ionad ealaíon; go bhfuil sé lárnach agus gur féidir dul ann go héasca ar an mbóthar nó ar an traein i gcomhthéacs náisiúnta, rud a d'fhéadfadh an t-éileamh a bhíonn air a leathnú chuig saothar ar camchuairt, imeachtaí, seimineáir nó tionscadail rannpháirteachais. D'fhéadfadh na spásanna breise san ionad oibriú mar sheomraí seisiúin ar an imeall le haghaidh imeachtaí níos mó nó mar sheomraí cruinnithe níos lú do bhoird, grúpaí nó líonraí atá ag lorg suíomh lárnach le teacht le chéile.

Is í Tulach Mhór baile contae Uíbh Fhailí agus an baile is mó in Uíbh Fhailí. Tá an t-ionad ealaíon i dTulach Mhór lárnach laistigh d'Uíbh Fhailí agus réigiún lár na tíre freisin, rud a fhágann gur bunáit iontach é chun cláir ar fud na tíre nó fud lár na tíre a reáchtáil.

Tharraing go leor páirtithe leasmhara aird ar shuíomh Thulach Mhór mar phríomhláidreacht don ionad ealaíon; go bhfuil sé lárnach agus gur féidir dul ann go héasca ar an mbóthar nó ar an traein i gcomhthéacs náisiúnta, rud a d'fhéadfadh an t-éileamh a bhíonn air a leathnú chuig saothar ar camchuairt, imeachtaí, seimineáir nó tionscadail rannpháirteachais.

D'fhéadfadh na spásanna san fhoirgneamh deis a thabhairt don ionad freisin feidhmiú mar spás oibre nó spás acmhainne, trí spás oifige a chur ar fáil do thionscadail ar nós Music Generation, FilmOffaly, Youth Arts, ealaíon sa tsláinte nó tionscnaimh eile.

Chuirfeadh lonnú seirbhísí breise ansin leis na seirbhísí a thairgeann an t-ionad, mheallfaí úsáideoirí breise isteach agus is dóigh go gcabhródh sé le comhar agus éifeachtúlachtaí i bhforbairt an ionaid ealaíon agus go gcuirfí tacaíocht chomhtháite ar fáil do na healaíona in Uíbh Fhailí agus/nó i lár na tíre.

Meastar go bhfuil os cionn 30 grúpa ealaíon i dTulach Mhór amháin agus is dóigh go bhfeicfidh imeachtaí ar nós Shakefest agus TradFest agus fhéile Hullabaloo deiseanna chun imeachtaí agus ceardlanna a chur i láthair san ionad ealaíon nua. Tuigtear gur úsáid grúpaí scoile agus grúpaí óige seomraí imeachtaí in áitribh cheadúnaithe le haghaidh roinnt tionscnamh agus, ceal spáis agus tacaíocht ghairmiúil ó ionad ealaíon tiomanta, go raibh sé dúshlánach cláir rannpháirteachais a chothú nó a fhorbairt. Is ábhar misnigh é freisin go raibh iarfhoirgneamh Kilroy's, as ar forbraíodh an t-ionad ealaíon nua, in úsáid le haghaidh réamhchláir grúpaí agus tionscadal áitiúil.

Tarraingíonn forbairt an ionaid ceisteanna anuas maidir le bonneagar ealaíon atá sa chontae faoi láthair, go háirithe maidir le hIonad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra agus Páirc Dhealbhóireacht Loch na Buaraí. Cén chaoi a n-oibreoidh na heagraíochtaí sin le chéile? Cén chaoi a gcruthóidh siad spás dá chéile? Cén chaoi a gcuirfidh siad a chéile chun cinn? (Tá comhthéacs an spáis in Éadan Doire sách difriúil toisc gur togra atá á fhorbairt é fós, agus go mbeidh an t-ionad ealaíon i dTulach Mhór ar an bhfód roimhe. Tá maoiniú forbartha cláir agus coiste stiúrtha ag pobal Éadan Doire anois chun próisis phíolótacha chomhpháirtíochta agus pleanáil níos fadtéarmaí a chumasú).

Meastar go bhfuil os cionn 30 grúpa ealaíon i dTulach Mhór amháin agus is dóigh go bhfeicfidh imeachtaí ar nós Shakefest agus TradFest agus fhéile Hullabaloo deiseanna chun imeachtaí agus ceardlanna a chur i láthair san ionad ealaíon nua.

## Tulach Mhór – Esker Arts

| | |
|---|---|
| Úinéireacht suímh/talún | Is le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí an foirgneamh. |
| Ullmhacht Bonneagair (agus Spásanna ar fáil) | Foirgneamh oscailte anois (i ndiaidh fhaomhadh deiridh na cáipéise críochnaithe seo), Aibreán 2023. Áirítear le leagan amach na spásanna: Dhá spás dánlainne. Halla ina bhfuil spás suí do 228 duine. Halla taobh amuigh. Seomraí feistis. Spásanna ceardlainne/cleachtaidh. Seomraí a d'fhéadfaí a úsáid mar stiúideo/spás oibre/spás tionscadail/seomra cruinnithe. |
| Struchtúr Rialachais | Tá socrú nua rialachais i bhfeidhm chun an t-ionad nua a bhainistiú, is é sin bord bainistíochta Esker Arts Ltd., agus aird ar na treoirlínte dea-chleachtais a d'eisigh an Chomhairle Ealaíon. Tá TCAC, i gcomhar le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, ag bainistiú feachtas tiomsaithe airgid le cabhrú leis na costais forbartha caipitil. |
| Feidhmeannas Íoctha | Tá Stiúrthóir, Bainisteoir Foirgnimh Teicniúil, Bainisteoir Margaíochta agus Riarthóir ag Esker Arts. Fostaítear foireann bhreise corrfhostaíochta de réir mar is gá. |
| Straitéis | Cuireadh pleananna gnó i gcrích i gcéim forbartha an ionaid, ach teastaíonn straitéisí/pleananna le haghaidh fhorbairt oibriúcháin an ionaid. |
| Tosaíochtaí Cláir Soiléire | Tar éis cheapadh an stiúrthóra nua, cuireadh tús le forbairt na dtosaíochtaí cláreagraithe, agus ceachtanna ó ionaid ealaíon eile á gcur san áireamh, chomh maith leis an meascán spásanna, an déimeagrafach, agus an comhthéacs níos leithne don ionad agus don straitéis seo. |
| Comhpháirtíochtaí/ Comhoibriú | D'oibrigh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí go dlúth le bord áitiúil TCAC agus grúpaí gníomhaíochta áitiúil a bhí páirteach i bhfeachtasaíocht agus tiomsú airgid le haghaidh ionad ealaíon i dTulach Mhór le blianta fada anuas. D'fhéadfadh an t-ionad spás oibre maith a chruthú d'eagraíochtaí/thionscadail eile freisin; e.g. féile Hullabaloo, FilmOffaly. |
| Maoiniú Ioncaim | Tá pleanáil ar bun chun maoiniú a lorg nuair a chuirtear tús le hoibríochtaí an ionaid ealaíon. |

# Tulach Mhór – Esker Arts – SWOT

## LÁIDREACHTAÍ

- Tá croí phobal Thulach Mhór san ionad ealaíon, agus ról lárnach acu i bhforbairt an tionscadail;
- Léiríonn ceannaireacht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí ó choincheap an tionscadail go dtí á chur i gcrích tiomantas soiléir don ionad ealaíon agus dá thábhacht straitéiseach d'Uíbh Fhailí.
- An scála agus meascán spásanna san ionad.
- Suíomh: Ar an traein, tá Tulach Mhór 1 uair an chloig ó Bhaile Átha Cliath agus 1.5 uair an chloig ó Ghaillimh, agus tá sí suite i lár Uíbh Fhailí. Laistigh den bhaile, tá an t-ionad i suíomh maith chun tacú leis an ngeilleagar miondíola agus oíche agus le himeachtaí lasmuigh/féilte.
- Cé gur beag a líon, tugadh tacaíocht mhaith d'imeachtaí gairmiúla a cuireadh i láthair i spásanna eile sular forbraíodh an t-ionad.

## DÚSHLÁIN/LAIGÍ

- Tá úsáid cuid de na spásanna le cur i gcrích fós.
- Cé go bhfuil an-chiall leis an údar atá leis an ionad, agus go dtagann sé leis an réasúnaíocht do go leor ionaid ealaíon eile, níor fiosraíodh cuspóir/acmhainneacht ar leith an ionaid go hiomlán fós chun bheith mar bhonn faoi bhranda dílis nó uaillmhianach sa chomhthéacs reatha.
- D'athraigh an comhthéacs d'ionaid ealaíon agus d'athraigh comhthéacs Uíbh Fhailí ó thaobh fostaíochta agus muinín shocheacnamaíoch agus chultúrtha a bhí i bhfeidhm nuair a smaoiníodh ar ionad ealaíon a bhunú an chéad lá riamh.
- Tógann sé am ar struchtúir nua rialachais dul i bhfeidhm i gceart agus teastóidh tacaíocht agus treoir leanúnach ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí.

## Tulach Mhór – Esker Arts – SWOT

### DEISEANNA

- Tá an t-ionad ag teacht ar an bhfód ag am tábhachtach don phobal, i ndiaidh COVID – nuair a thug an cultúr agus an chruthaitheacht le chéile muid, agus gur tumadh muintir Uíbh Fhailí in áilleacht agus in acmhainneacht a gcontae;
- D'fhéadfadh an tiomantas seanbhunaithe agus éagsúil don ionad a bheith ina ardán luachmhar d'fhorbairt an ionaid. Tá deis ann an tiomantas sin a chothú d'fhorbairt leanúnach an ionaid don bhaile agus don chontae;
- Tá taithí agus saineolas mór ar na healaíona sa bhaile agus sa chontae a d'fhéadfadh teacht le chéile san ionad ealaíon.
- Tá an comhthéacs d'ionaid ealaíon tar éis athrú. Tá an t-ionad á bhunú i ndiaidh athbhreithniú agus mhachnamh cuimsitheach na Comhairle Ealaíon agus ionad ealaíon atá ar an bhfód cheana féin ar ról agus acmhainneacht na n-ionad ealaíon. D'fhéadfadh sé bealach nua a léiriú sa chomhthéacs sin.

### BAGAIRTÍ

- Lagaíonn an tionchar ar na rátaí mar gheall ar an aistriú ó thionscal agus giniúint cumhachta bunaithe ar mhóin cumas Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí seirbhísí sóisialta, cultúrtha agus caitheamh aimseartha a fhorbairt/a chothú.
- D'fhéadfadh nach mbeadh daoine ag iarraidh a bheith taobh istigh láithreach, agus d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé am ar an ionad teacht ar a áit shonrach féin laistigh de chamchuairteanna agus d'fhéadfadh líon íseal lucht spéise a fhágáil go gceapfadh pátrúin agus léiritheoirí nach bhfuil ag éirí leis an ionad.

## Na Príomhcheisteanna ar Cheart Machnamh a Dhéanamh Orthu:

De bharr nádúr seanbhunaithe an tiomantais d'fhorbairt ionaid ealaíon ó raon éagsúil páirtithe leasmhara, bheadh acmhainneacht shuntasach ag aon ionad ealaíon. Bhí an t-aistear fada a thóg sé chun ionad ealaíon a bhaint amach do Thulach Mhór dúshlánach, mar sin féin, i dtéarmaí chomhtháthú na bpáirtithe leasmhara agus is féidir le tiomantas chomh fada sin i measc raon páirtithe leasmhara ionchais éagsúla a chruthú.

Caithfear leas a bhaint as tiomantas dá leithéid agus é a chothú, agus tá na saoráidí san ionad an-fheiliúnach d'éagsúlacht mhór sa chlár. Bhí cuid mhór den uaillmhian don ionad ag an tús bunaithe ar shamhail sheanbhunaithe an ionaid ealaíon réigiúnaigh, a d'oibrigh go príomha chun freastal ar ghníomhaíocht phobail, feidhmiú mar áit a d'fháilteodh roimh chamchuairteanna le haghaidh na dtaibhealaíon agus ina gcuirfí raon taispeántas i láthair.

D'oibrigh an tsamhail sin go maith do go leor ionad, agus ba cheart don ionad nua i dTulach Mhór iarracht a dhéanamh seirbhís den scoth a chur ar fáil, saothar ar camchuairt a chur i láthair agus freastal ar raon gníomhaíochtaí pobail agus cultúrtha. Ach ní leor d'ionad ealaíon brath ar shamhail bhunúsach soláthair seirbhíse níos mó, ceann a chuireann rud éigin ar fáil i suíomh amháin a d'fhéadfadh an lucht spéise a fheiceáil in áit eile. Cé go mb'fhearr le go leor páirtithe leasmhara go mbeadh ionad ealaíon i dTulach Mhór deich nó 20 bliain ó shin, tá an deis ag Uíbh Fhailí ionad ealaíon a oscailt anois a bheidh ceart dó.

D'athraigh an comhthéacs d'ionad ealaíon i dTulach Mhór go mór ó forbraíodh na tograí don ionad ar dtús:

- Tá beartas agus smaointe na Comhairle Ealaíon tar éis forbairt, i dtéarmaí ról na n-ionad ealaíon i léiriú saothair i raon foirmeacha ealaíne. Luaitear sa bheartas seo go ndéantar freastal níos fearr ar ealaíontóirí, rannpháirtithe agus lucht spéise nuair is féidir saothar a dhéanamh i raon áiteanna, agus go gcuireann miondifríocht réigiúnach le haitheantas agus úinéireacht an tsaothair, agus go mbeidh infheistíocht bhreise ón gComhairle Ealaíon bunaithe ar shaothar den chéad scoth in ionaid ealaíon. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh i saoráidí, foirm ealaíne nó saineolas réimse cleachtais, i scála agus/nó cáilíocht na rannpháirtíochta le rannpháirtithe agus lucht spéise, nó sna tacaíochtaí léiriúcháin a thairgeann an t-ionad d'ealaíontóirí;
- De bharr infheistíocht chaipitil shuntasach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, tá freagracht ar an ionad lasmuigh de Thulach Mhór freisin.
- Níl a leithéid de spás sa chontae agus atá san ionad a baineadh amach, agus tá sé sách difriúil le spásanna sna contaetha máguaird (e.g. Dún Másc i bPort Laoise,


Ionad Ealaíon an Mhuilinn Chearr agus na spásanna ealaíon san Aonach agus i mBaile Átha Luain) agus cuirtear acmhainneacht bhreise ar fáil mar sin d'Uíbh Fhailí agus Lár na Tíre.

- Mar gheall ar bhlianta fada forbartha na mbainisteoirí ionaid saineolacha – agus an fhoireann theicniúil, lucht cláreagraithe, lucht margaíochta agus foireann fáilteachais – tá athrú tagtha ar an bhfáilte a chruthaíonn ionaid ealaíon, an ról ceannaireachta a bhíonn acu i bhforbairt chultúrtha agus an ról cumasaithe a imríonn siad i dtéarmaí cláir oibre níos leithe folláine, shóisialta, phobail agus gheilleagracha.
- COVID-19 agus an éiginnteacht a chothaíonn sé faoina thionchar ar ionaid ealaíon, an áit a gcónaíonn daoine, agus an chaoi a dtagann daoine le chéile agus a mbíonn siad i mbun sóisialú.
- D'athraigh comhthéacs Uíbh Fhailí i dtéarmaí nádúr fostaíochta agus muinín shocheacnamaíoch agus chultúrtha a bhí i bhfeidhm nuair a smaoiníodh ar ionad ealaíon a bhunú an chéad lá riamh

In Uíbh Fhailí, mar gheall ar nádúr athraithe chaidreamh an chontae leis an talamh/ tírdhreach, macallaí áitiúla an ghníomhaithe dhomhanda ar son na haeráide, macallaí idirnáisiúnta an eispéiris iarthionsclaíoch, an deis a bhaineann le haistriú cóir, daonra áitiúil níos éagsúla agus an saibhreas a chaithfear a thochailt as na hathruithe stairiúla sin, teastaíonn ionad ealaíon a osclaíonn in 2022 a smaoineoidh agus a dhéanfaidh níos mó ná soláthar seirbhíse; ionad ealaíon atá in ann cabhrú le machnamh a dhéanamh ar an bhfuinneamh athnuaite in Uíbh Fhailí, nascadh leis agus leas a bhaint as.

Caithfidh an t-ionad ealaíon a bheith ina áit a dtéann daoine chun taitneamh a bhaint as an saol, ach caithfidh sé a bheith réamhghníomhach freisin i spás a sholáthar le haghaidh cur agus cúitimh, le haghaidh fiosrú cultúrtha, cur in iúil agus malartú. Má tá an t-ionad le bheith réamhghníomhach sa ról forbartha a d'fhéadfadh sé a imirt, caithfidh a bhranda é sin a léiriú.

Ar an leibhéal oibriúcháin, cabhraíonn sé gur cheap an t-ionad stiúrthóir agus gur cuireadh tús leis an oibriúchán le foireann chun caidrimh a fhorbairt le comhpháirtithe cláir – bíodh ealaíontóirí agus compántais ar cuairt i gceist, a thugann saothar ar camchuairt go hUíbh Fhailí, gairmithe ealaíon áitiúla, grúpaí deonacha, amaitéaracha agus pobail, nó grúpaí óige agus iad siúd a oibríonn san oideachas. Anuas air sin, caithfear naisc a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile a oibríonn i réimsí folláine, forbartha geilleagraí agus cuimsithe shóisialta.



# 3.4 Loch na Buaraí – Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí

Tá dealbhóireacht san Fhearann Páirce ag Loch na Buaraí ó 2002. Ba shiompóisiam dealbhóireachta a chuir tús leis an tionscadal (Siompóisiam Idirnáisiúnta Dealbhóireachta Loch na Buaraí) agus is as sin a forbraíodh páirc dhealbhóireachta i gcomhar le Bord na Móna agus Grúpa Fhearann Páirce Loch na Buaraí, mar chuid den chlár úsáide talún comhtháite do lagphortaigh na hÉireann.

Cé nár coimisiúnaíodh aon dealbh nua ó 2010, tá os cionn 25 dealbh/saothar ealaíne sealadach agus buan ina gcuid den pháirc dhealbhóireachta 50 heicteár. Tá an pháirc dhealbhóireachta lonnaithe i bPáirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí, atá ar cheann de na nithe is mó díol spéise do thurasóirí in Uíbh Fhailí agus a mheallann os cionn 100,000 cuairteoir gach bliain. Tá an talún atá ar fáil don pháirc dhealbhóireachta teoranta faoi láthair, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar leathnú nó coimisiúin nua, cé go bhféadfaí an spás don pháirc dhealbhóireachta a leathnú i bhfianaise chomh mór agus atá Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí.

Anuas ar an gcomhthéacs beartais níos leithne ar tugadh breac-chuntas air ag tús na cáipéise seo, rinne Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Comhairle Contae Mhaigh Eo comhchoimisiúnú ar tuarascáil dar teideal **Art in the Landscape** (2020; Terre Duffy Consulting) chun machnamh a dhéanamh ar shuíomh reatha agus acmhainneacht tionscnamh dealbhóireachta ar scála mór sa dá chontae. I gcás Uíbh Fhailí, ba í Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí an tionscnamh a bhí i gceist.

Aithnítear in Art in the Landscape (AITL) go bhfuil Loch na Buaraí ar an bpáirc dhealbhóireachta is suntasaí in Éirinn, gur ann atá an bailiúchán de dhealbhóireacht phoiblí is tábhachtaí in Éirinn, agus aithnítear freisin a shuntasacht níos leithne mar thionscnamh ealaíne comhshaoil. Meastar in AITL gur fiú os cionn €2m luach athsholáthair na saothar ag Loch na Buaraí agus cuirtear é i gcomparáid le tionscnaimh idirnáisiúnta ar nós Grizedale Forest Sculpture Park. Sainaithnítear i dtuarascáil AITL an 'cumas', na 'fadhbanna' agus an 'acmhainneacht' le haghaidh Loch na Buaraí.

Aithnítear in Art in the Landscape (AITL) go bhfuil Loch na Buaraí ar an bpáirc dhealbhóireachta is suntasaí in Éirinn, gur ann atá an bailiúchán de dhealbhóireacht phoiblí is tábhachtaí in Éirinn, agus aithnítear freisin a shuntasacht níos leithne mar thionscnamh ealaíne comhshaoil.

I gcás na dtí cheannteideal sin, áirítear leis na torthaí achoimre:

- **Cumas:** Léiríonn na dealbha i bPáirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí (LBSP) scéalta phortaigh na hÉireann, scéalta fuinnimh agus comhshaoil, scéalta iarracht an chine dhaonna, agus scéalta Lár na Tíre. Is bailiúchán saothar thar a bheith tábhachtach é agus acmhainn chumhachtach oidhreachta do Bhord na Móna.
- **Fadhbanna:** Níor coimisiúnaíodh aon dealbh nua ó 2010, teastaíonn aire ó na saothair atá ann agus – i gcásanna áirithe – seans go gcaithfear iad a dhíchoimisiúnú, agus tá an idirghabháil agus an mhargaíocht lag. Tá daoine a bhíodh ag troid ar son an tionscadail tar éis bogadh ar aghaidh, agus níl aon úinéir, spreagthóir ná maoinitheoir soiléir ann.
- **Acmhainneacht:** Is fiú machnamh a dhéanamh ar thacaíocht Rialtais mar gheall ar thábhacht na páirce dealbhóireachta agus a bailiúcháin. Baineann an 21ú haois le caidreamh nua leis an dúlra. Teastaíonn sraith nua coimisiúnaithe ag Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí agus tá deis ann na ceisteanna sin a chur in iúl ar bhealach an-chumhachtach agus dearfach, chun cur le straitéis 'Donn go Glas' Bhord na Móna. D'fhéadfadh sraith nua coimisiúnaithe ag an bPáirc Dhealbhóireachta oibriú freisin chun aghaidh a thabhairt ar an bhfeasacht atá ag fás ar chomh huathúil agus atá Portaigh na hÉireann, a stair thionsclaíoch, feidhm thábhachtach na n-ealaíon agus na hoidhreachta i sainiúlacht chultúrtha Lár na Tíre. Tá acmhainneacht shuntasach ag baint leis an gcaidreamh idir LBSP agus branda Chroíthailte Folaithe Fháilte Éireann, agus an seans go bhféadfaí LBSP a chur chun cinn le tairiscintí eile. Tá clár ealaíon agus oideachais LBSP láidir ó thaobh ábhair agus dearaidh. Tá tograí i bhfeidhm le haghaidh fhorbairt thionscadal LIFE Eden, Ionad Barr Feabhais na bPortach, Ionad Cuairteoirí na bPortach, agus 'Ionad Imeachtaí Oibre na Buaraí' ag an bPáirc Thaiscéalaíochta.

Tá AITL den tuairim go bhfuil LBSP i mbaol a báis mar a tharla do bhailiúcháin dealbh eile faoin spéir go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Éilítear sa tuarascáil go mbunófaí cuideachta faoi theorainn ráthaíochta le haghaidh LBSP agus go gcoimisiúnódh Bord na Móna saothar nua le haghaidh ceiliúradh 21 bliain de Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí. Óna dtaobh siúd de, molann Bord na Móna cás gnó a fhorbairt le haghaidh infheistíocht i Loch na Buaraí. Luann Bord na Móna freisin an tábhacht a bhaineann leis an oidhreacht thionsclaíoch ar an suíomh. Tá spéis ag an gcuideachta i bhforbairt LBSP agus tá sí oscailte faoina hacmhainneacht. D'fhéadfadh infheistíocht mar sin i gcoimisiúnú nua teacht chun cinn, ach theastódh dianmhachnamh ar thogra dá leithéid. Cé go n-aithnítear luach branda Loch na Buaraí do Bhord na Móna, caithfear na costais a sheach-chur freisin.

# Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí (LBSP)

| | |
|---|---|
| Úinéireacht suímh/talún | Is le Bord na Móna an talamh. Tá meamram tuisceana i bhfeidhm idir Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Bord na Móna le haghaidh LBSP. |
| Ullmhacht Bonneagair (agus Spásanna ar fáil) | Bunaíodh LBSP in 2002. Tá go leor de na dealbha a forbraíodh in imeacht na mblianta i ndea-chaoi ach teastaíonn aire ó chuid díobh. Má tá an pháirc dhealbhóireachta le forbairt, caithfear soiléiriú a fháil ar chothabháil LBSP agus a saothar ealaíne agus spás d'fhorbairt LBSP (bíodh coimisiúin nua bhuana/ shealadacha i gceist leis sin nó spás le haghaidh cláir forbartha). |
| Struchtúr Rialachais | Tá Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus Bord na Móna ag oibriú i dtreo struchtúr rialachais feabhsaithe le haghaidh Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí. |
| Feidhmeannas Íoctha | Níl. |
| Straitéis | Níl aon straitéis i bhfeidhm. Tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ('Art in the Landscape') a thugann bunús na láidreachtaí, na hacmhainneachta agus na bhfadhbanna atá le dul i ngleic leo, agus as ar féidir straitéis a fhorbairt. Choimisiúnaigh Bord na Móna tuarascáil straitéiseach le haghaidh Páirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí freisin, lena n-áirítear 'soláthar dealbhóireachta ealaíne agus nádúir na páirce a leathnú'. |
| Tosaíochtaí Cláir Soiléire | Níl. |
| Comhpháirtíochtaí/ Comhoibriú | Ceann ar bith, seachas na comhpháirtíochtaí idir Bord na Móna agus Comhairle Chontae Uíbh Fhailí. |
| Maoiniú Ioncaim | Níl. |

# Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí – SWOT

## LÁIDREACHTAÍ

- Sainaithníodh an tionscadal mar an bailiúchán ealaíne poiblí is tábhachtaí in Éirinn.
- Tá an tionscadal seo uathúil i gcomhthéacs na hÉireann, más féidir é a chothú ar an gcaighdeán cuí.
- Tá fíorchuspóir agus brí ag baint leis an mbailiúchán sa ré seo, i dtéarmaí na hoidhreachta inbhraite agus dobhraite a léiríonn sé agus maidir le comhthéacs an aistrithe chóir agus an ghníomhaithe ar son na haeráide.
- Meallann Loch na Buaraí os cionn 100,000 cuairteoir gach bliain cheana féin.
- Tá tuiscint shoiléir ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ar acmhainneacht Loch na Buaraí agus tá sí tiomanta do chomhpháirtíocht dá fhorbairt.
- Tá Bord na Móna tiomanta do chomhpháirtíocht leis an údarás áitiúil i leith na páirce dealbhóireachta agus i leith tacú le haistriú bainistithe agus cóir.[3]
- Áirítear leis na turais a thairgtear i bPáirc Thaiscéalaíochta Loch na Buaraí plé leis an bPáirc Dhealbhóireachta (seachas turais scoile a iarrtar go sonrach a bhaineann le héiceolaíocht agus bithéagsúlacht) agus dá bhrí sin tá LBSP fós ina cuid luachmhar, leanúnach agus reatha de sholáthar na páirce.

## DÚSHLÁIN/LAIGÍ

- Níor bunaíodh sruthanna maoinithe leanúnacha do LBSP riamh, cé go bhfuil an tionscadal níos ábhartha anois ná mar a bhí riamh.
- Cé gur príomhthionscadal é, ag a bhfuil acmhainneacht shuntasach idirnáisiúnta chun aird a tharraingt ar an dua atá Éire ag caitheamh le haistriú cóir a bhaint, níl aon úinéir ná spreagthóir ag an gclár cultúrtha. Níl aon ghuth i bhfeidhm chun an tionscadal a athneartú ná leas a bhaint as a acmhainneacht/dheiseanna.
- Níor coimisiúnaíodh aon dealbh nua ó 2010 agus caithfear aghaidh a thabhairt ar bhail cuid den saothar atá ann cheana. Is sócmhainn dímheasa iad na saothair, a léiríonn an t-am a tháinig deireadh leis an infheistíocht faoi láthair, seachas áit a léiriú atá beo nó ag breathnú chun cinn.
- Níl an t-eolas léirithe agus margaíochta faoi Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí cothrom le dáta agus caithfear é a bhainistiú.
- Tá na turais ar LBSP ina ngné de thurais níos leithne ar an bPáirc Thaiscéalaíochta. Gan rannpháirtíocht leanúnach ó ealaíontóirí nó coimeádaithe, d'fhéadfadh nach léiríonn na turais caidreamh le comhthéacs agus fuinneamh cultúrtha beo, agus nach dtapaíonn siad an deis chun nascacht a bhaint amach idir LBSP agus an tírdhreach nó tairiscint chultúrtha níos leithne i Lár na Tíre.

[3] https://www.bordnamona.ie/wp-content/uploads/2021/03/Bord-na-Mona-Annual-Report-2019_FINAL.pdf

## Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí – SWOT

### DEISEANNA

- Líon na ndaoine a thugann cuairt ar LBSP, agus a bhíonn ag plé léi ar líne, a fhás trí struchtúir agus tacaíocht a chur i bhfeidhm chun clár agus tairiscint a chur chun cinn atá soiléir, comhtháite agus dea-bhainistithe.
- Tá deiseanna suntasacha polaitiúla/caidrimh i gceist i dtéarmaí thiomantas Rialtas na hÉireann don ghníomhú ar son na haeráide agus don aistriú cóir, cuir i gcás tiomantais shainráite ar nós an Ionaid Athraithe Aeráide agus Aistrithe Chóir agus Taitneamhacht Taiscéalaíochta thumthach don Phobal (a luaitear ar lch 9 den straitéis seo) agus tarraingíonn cuir chuige ar a nós siúd a sainaithníodh i dtaighde NESC an acmhainneacht shuntasach a bhaineann le healaín agus cultúr sna comhthéacsanna sin;
- Tá deiseanna suntasacha polaitiúla/caidrimh i gceist i gcomhthéacs idirnáisiúnta i dtéarmaí acmhainneacht Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí aird a tharraingt ar dhearcthaí na hÉireann ar an aistriú cóir, oidhreacht iarthionsclaíoch agus gníomhú ar son na haeráide;
- Gur féidir clár comhtháite a chur i bhfeidhm a nascann níos mó ná LBSP leis an acmhainneacht níos leithne i Loch na Buaraí, mar a bhféadfadh sé a bheith ina áit/shuíomh foghlama: Níl na dúshláin iarthionsclaíocha (atá le brath i Lár na Tíre mar gheall ar Bhord na Móna, ESB agus na caillteanais fostaíochta lena mbaineann) nua ná gan teorainn, agus ní bhaineann siad le Lár na Tíre amháin. Má dhéantar í a bhainistiú go cuí agus le meas, tá deiseanna ag Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí chun ról tábhachtach a imirt i bhfiosrú agus léiriú acmhainneacht an chultúir i dtaobh athléimneacht, ionracas agus rannchuidiú oibrithe na hÉireann, agus feidhmiú mar shlat tomhais agus tagairt thábhachtach d'oibrithe/áiteanna Éireannacha agus Eorpacha a mbeidh dúshláin le sárú acu amach anseo – mar gheall ar uathoibriú breise agus/nó an t-aistriú glas agus digiteach san Aontas Eorpach.
- Tá deiseanna suntasacha brandála ann le haghaidh Bhord na Móna trí rannpháirtíocht chultúrtha leanúnach ag Loch na Buaraí – ag nascadh fuinneamh in-athnuaite le hathnuachan leanúnach, ag ceiliúradh a n-oidhreachta, bródúil as a rannchuidiú, tiomanta do dhaoine, tiomanta don tírdhreach agus tiomanta don nuálaíocht agus deiseanna nua a fhiosrú.
- Nascann maoiniú an Chéatadáin le haghaidh na nEalaíon pobail ar fud Uíbh Fhailí le tionscadail a cuireadh i gcrích ag Loch na Buaraí.
- Acmhainneacht ghné uathúil díolacháin shainiúlacht bhranda 'na gCroíthailte Folaithe' – go hairithe nuair is féidir LBSP a chur chun cinn le tairiscintí eile.

### BAGAIRTÍ

- D'fhéadfadh tionscadail ealaíon nó cultúrtha eile (gan an oidhreacht ná an comhthéacs céanna) bogadh go dtí an spás seo chun 'úinéireacht' a ghlacadh ar ghníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht agus/nó tírdhreacha iarthionsclaíocha.
- D'fhéadfadh go gceapfadh muintir na háite gur caint agus ní gníomh atá ar siúl acu maidir le haistriú cóir, nó maidir le hoidhreacht thionsclaíoch agus ionchur Uíbh Fhailí.
- D'fhéadfadh go mbreathnófaí ar an tionscadal i gcomhthéacs staire/iarsmalainne dúnta nó róshimplí; rud a bhaineann leis an am atá thart ach ní leis an am i láthair ná an todhchaí.

## Na Príomhcheisteanna ar Cheart Machnamh a Dhéanamh Orthu:

Sainaithnítear go cruinn sa tuarascáil Art in the Landscape gur sócmhainn chultúrtha lena mbaineann seasamh náisiúnta agus fiú idirnáisiúnta seans í Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí (LBSP).

Bíodh athrú aeráide, aistriú cóir, oidhreacht thionsclaíoch, sócmhainn turasóireachta nó fiú sócmhainn ealaíonta ar leith a bhíonn ag plé le 100,000 duine gach bliain i gceist, tá an tionscadal seo níos ábhartha ná riamh cé go bhfuil sé gan stiúir. Má leantar leis gan treo ná bainistíocht, tá baol mór ann gur reilig dhealbhóireachta a bheidh ann, agus, mar ábhar imní níos leithne, séadchomhartha ollmhór d'am atá caite atá básaithe/caillte anois. Má chothaítear é mar thionscadal ealaíne beo, tá sé d'acmhainn aige an stair agus an oidhreacht a léiriú agus meas a thabhairt dóibh, plé le hábhar imní sóisialta agus comhshaoil na linne seo, idir áitiúil agus domhanda, agus spás agus fócas a chur ar fáil chun breathnú chun cinn.

Cé go gcuireann coimisiúin nua fuinneamh atá ríthábhachtach ar fáil d'athnuachan agus forbairt leanúnach LBSP, caithfear díriú ar níos mó ná saothair ealaíne phoiblí bhuana. Ó thaobh an bheartais di, níor tapaíodh an deis le haghaidh aistriú cóir fós.

Tarraingítear aird sna ceachtanna ó 'Four Case Studies on Just Transition – Lessons for Ireland' le NESC ar thábhacht agus scála an athraithe agus an tionchair atá le brath ar fud Lár na Tíre.

I dteannta thuarascáil NESC, léiríonn an tuarascáil a choimisiúnaigh an clár Éire Ildánach de chuid an Rialtais dar teideal 'Engaging the Public on Climate Change through the Cultural and Creative Sectors' an acmhainneacht shoiléir i Loch na Buaraí. Tugann tuarascáil an chláir Éire Ildánach fócas do Loch na Buaraí le díriú air i dtéarmaí an athraithe aeráide agus an ghníomhaithe ar son na haeráide, trí:

- Rannpháirtíocht le lucht spéise nua;
- Feasacht agus tuiscint a mhéadú;
- Luachanna agus creidimh dhifriúla a fhiosrú;
- Spás a chruthú do phlé fiúntach; agus
- Ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla.

Tarraingítear aird freisin i dtuarascáil an chláir Éire Ildánach go bhfuil roinnt rioscaí ann, ach maolaítear na rioscaí sin má tá clár cothaithe gníomhaíochta agus rannpháirtíochta i bhfeidhm.

Bíodh athrú aeráide, aistriú cóir, oidhreacht thionsclaíoch, sócmhainn turasóireachta nó fiú sócmhainn ealaíonta ar leith a bhíonn ag plé le 100,000 duine gach bliain i gceist, tá an tionscadal seo níos ábhartha ná riamh cé go bhfuil sé gan stiúir.

I gcás Loch na Buaraí, níor cheart tionscadal amháin a choimeád, a dhearadh ná a mheas mar 'réiteach' nó freagra. Cuireann gach tionscadal bonn faoin gcéad tionscadal eile, agus tógann na tionscadail ar fad ar oidhreacht agus acmhainneacht Loch na Buaraí.

Tagann an cur chuige coimeádta sin go maith le torthaí NESC ar Just Transition Lessons for Ireland ina luaitear an tábhacht a bhaineann le cur chuige cuimsithe, bunaithe ar áit; an gá le caidrimh iontaofa a thógáil agus an tábhacht a bhaineann le hidirphlé atriallach. Tarraingítear aird freisin i dtuarascáil NESC ar an tábhacht a bhaineann leis an am atá thart a aithint agus a cheiliúradh ar bhealach a chuireann béim freisin ar inmharthanacht leanúnach áite agus pobail, agus deirtear 'ní gá gur cur chuige oidhreachta nó iarsmalainne is fearr'. Leagtar béim mhór freisin ar an tábhacht a bhaineann le hidirphlé i gconclúid agus moltaí na tuarascála deiridh ón gCoimisinéir um Aistriú ar bhonn Ceartais (Nollaig 2021).

Bíonn iontaoibh agus rannpháirtíocht níos láidre freisin má dhéantar iad a choimeád, a dhearadh agus a idirghabháil le bheith oscailte agus leanúnach – ag nascadh an ama atá thart leis an am atá le teacht. Ó thaobh na coimeádaíochta, cuireann LBSP spás ar fáil le haghaidh smaointe dóchais, agus scileanna agus saothair, talún agus tírdhreacha, nádúir agus comhshaoil, an ghníomhaithe ar son na haeráide agus ghníomhaíocht an phobail, fuinnimh agus acmhainneachta, smaointe faoin am atá thart agus faoin am atá le teacht a roinntear le chéile.

D'fhéadfadh an cultúr a bheith ina spreagthóir mar sin do Bhord na Móna, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus comhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta eile atá tiomanta don ghníomhú ar son na haeráide agus don fhorbairt inbhuanaithe. D'fhéadfadh cur chuige dá leithéid deiseanna a chruthú freisin chun béim a leagan ar thiomantas leanúnach Bhord na Móna do thodhchaí na n-áiteanna agus na bpobal a chothaigh an chuideachta.Trí chlár oibre 'Donn go Glas' a chur i bhfeidhm, tá na croíghnéithe ag Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí cheana féin chun feidhmiú mar phríomhshuíomh na hÉireann – agus suíomh a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis – don chaidreamh idir cultúr, pobal, gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht. Cuireann Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí deis ar leith ar fáil d'Éirinn pobail, ealaíontóirí, fiontair agus páirtithe leasmhara eile a thabhairt le chéile in idirphlé forásach agus forbairt tionscadal a cheiliúrann an t-am atá thart agus a athnuann muintir na háite agus cuairteoirí, agus a léiríonn tiomantas comhroinnte don nuálaíocht, tírdhreach agus uaillmhian don todhchaí.

## Ó thaobh na coimeádaíochta, cuireann LBSP spás ar fáil le haghaidh smaointe dóchais, agus scileanna agus saothair, talún agus tírdhreacha, nádúir agus comhshaoil, an ghníomhaithe ar son na haeráide agus ghníomhaíocht an phobail, fuinnimh agus acmhainneachta, smaointe faoin am atá thart agus faoin am atá le teacht a roinntear le chéile.

Mar a thugtar le fios i dtuarascáil NESC, d'fhéadfadh glacadh leis an gcomhthéacs iarthionsclaíoch/aistrithe chóir a bheith dúshlánach uaireanta. Ní hamháin mar go mbíonn tionscadail ealaíon dúshlánach mar gheall ar a nádúr – ba cheart go mbeidís ina n-ábhar ceiliúrtha, oideachais, spreagtha, siamsaíochta, fiosrachta, etc. – ach mar gheall go bhfuil comhthéacs an aistrithe chóir dúshlánach do dhaoine agus pobail, agus ní bhíonn idirphlé agus comhoibriú éasca i gcónaí. Bíonn daoine ag breathnú ar an domhan ar bhealaí difriúla, díreach mar a bhreathnaíonn siad ar ealaín ar bhealaí difriúla, agus is mar gheall air sin go bhfuil acmhainneacht ollmhór ag baint le LBSP chun spás a chruthú don idirphlé dearfach.

Tharraing ceann de chás-staidéir NESC aird ar fhorbairtí Emscher Park/Zollverein i réigiún Ruhr sa Ghearmáin. Léiríonn an cur chuige sin ar bhealach an ról a imríonn cultúr nuair a aithnítear an oidhreacht thionsclaíoch agus a mbaintear leas aisti i gcomhthéacs iarthionsclaíoch.

Luaitear freisin i dtuarascáil NESC *'Déardaoin, 20 Nollaig 2018, chuir oibrithe guail deireadh lena seal oibre deiridh in Prosper-Haniel, an mianach guail deiridh sa Ghearmáin (Steinmeier, 2018). Bhí ceiliúradh poiblí ag an nGearmáin ar an méid a chuir na mianadóirí guail chrua leis an náisiún, agus bhí searmanais in go leor pobal mar chomhartha buíochas as na blianta fada oibre a bhíodh contúirteach go minic ar mhaithe le Lichtbeidernacht ('an solas a roinnt istoíche') (WDR, 2018)*'.

Tarraingítear aird freisin i dtuarascáil Fhoireann Idirthréimhse Réigiúnach Lár na Tíre ar thionscadal comparadóra Gearmánach in Landschaftspark Duisburg-Nord ar shuíomh seanmhonarcha iarrainn a forbraíodh mar spás caitheamh aimsire oscailte don phobal, a chuireann raon gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha ar fáil.

Cé go bhféadfaí a mheas go bhfuil méid dhaonra na Gearmáine, méid a geilleagair agus méid na dtionscnamh thuasluaite i bhfad níos mó ná acmhainneacht na hÉireann, is tábhachtach nach ndéantar dearmad ar scála agus rannchuidiú ábhartha Uíbh Fhailí.

a) Scála: Is talamh portaigh an cúigiú cuid d'Uíbh Fhailí;
b) Ionchur: Ag an mbuaic, chuir cumhacht móna 40% de leictreachas na hÉireann ar fáil sna 1960idí. Ba é Lár na Tíre a chumhachtaigh athnuachan thionsclaíoch na hÉireann.

Teastaíonn a acmhainní anois chun bheith mar bhonn faoi chlár oibre nua náisiúnta agus domhanda. Léiríonn a thaithí athruithe stairiúla agus ábhar imní domhanda.

Ó thaobh an chultúir, nó ó thaobh an gheilleagair i dtéarmaí luach branda, ní féidir suíomh Bhord na Móna, Lár na Tíre ná mhuintir Lár an Tíre sa stair a cheannach, ach is féidir é a chailleadh. Tá na scéalta sin – mar a bhí, mar atá agus mar a bheidh – le feiceáil i bPáirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí. Téann a macallaí i bhfad thar Loch na Buaraí. Tá siad lárnach do Lár na Tíre agus d'Éirinn.

Teastaíonn cur chuige leanúnach chun:

- LBSP a bhainistiú agus a chothú;
- LBSP a choimeád agus gníomhaíochtaí ábhartha a chláreagrú;
- LBSP a nascadh le líonraí níos leithne agus comhpháirtithe féideartha;
- Bealach a léiriú do ról agus fócas straitéiseach LBSP, chomh maith lena forbairt; agus
- LBSP a chur chun cinn agus leas a bhaint as a luach.

# 4. Moltaí Straitéiseacha

Tógann na cúig mholadh seo ar an anailís agus na príomhcheisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu a eascraíonn as an tuarascáil seo. Meastar go n-úsáidfear iad mar shraith moltaí comhtháite atá in ann feidhmiú le chéile chun leas a bhaint as acmhainneacht agus suíomh an phríomhbhonneagair ealaíon in Uíbh Fhailí.

## 1 Go ndíreodh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí infheistíocht ar na ceithre thionscadal príomhbhonneagair ealaíon aitheanta, is é sin:

- Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra;
- An tIonad Ealaíon nua, Esker Arts, Tulach Mhór;
- Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí;
- An spás ealaíon a bheartaítear le haghaidh Éadan Doire.

Beidh brú mór airgeadais ar an údarás áitiúil sna blianta amach romhainn agus teastóidh infheistíocht shuntasach ó údarás áitiúil, ón gComhairle Ealaíon agus ó chomhpháirtithe leasmhara eile chun acmhainneacht na gceithre thionscnamh a chinntiú, chomh maith le hinniúlacht – san údarás áitiúil agus sna ceithre thionscadal ealaíon – chun leas a bhaint as cláir oibre chomhroinnte le cláir níos leithne.

Is dóigh go mbeidh an cultúr ina acmhainn thábhachtach don chontae, ag léiriú 'Croíthailte Beo' i dtéarmaí geilleagracha, comhshaoil agus sóisialta, agus chun bonn a chur faoi na 'Croíthailte Folaithe' agus an 'Sean-Oirthear' a bhfuil clú agus cáil orthu. Ba cheart infheistíocht a dhíriú ar chuir chuige chomhpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar an anailís agus na príomhcheisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu a phléitear le haghaidh na gceithre thionscadal bonneagair ealaíon a shainaithnítear sa tuarascáil seo.

Cé go mbeidh sé dúshlánacha i gcomhthéacs an bhoinn rátaí tráchtála atá ar fáil do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí, is réasúnta a mheas go bhfágfadh an infheistíocht chaipitil mhéadaithe ó chomhpháirtithe áitiúla agus náisiúnta go dteastódh infheistíocht shuntasach bhliantúil ón údarás áitiúil agus ó mhaoinitheoirí agus comhpháirtithe eile sna blianta amach romhainn chun feidhmiú ar leibhéal réasúnta, ionas gur féidir leis an mbonneagar ealaíon sainaitheanta díriú ar dheiseanna eile agus iad a thapú.

Luaitear oibreacha caomhnaithe ag foirgneamh iartheach na cúirte i mBiorra agus le himeacht ama, d'fhéadfaí cás a dhéanamh le haghaidh infheistíocht chaipitil bhreise a thiocfadh leis an togra 'Cúirt Chruthaitheach'. Bheadh ar aon phlean deiridh chun an 'Chúirt Chruthaitheach' a chur i gcrích a léiriú cén chaoi a dtabharfadh an foirgneamh aghaidh ar bhearnaí nach féidir freastal orthu laistigh de bhonneagar fisiciúil Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra, an chaoi a n-oibreodh an 'Chúirt Chruthaitheach' agus Ionad Amharclannaíochta agus Ealaíon Bhiorra le chéile, agus an chaoi a ndéanfaí úsáid iartheach na cúirte mar spás ealaíon/cultúrtha a oibriú agus a chothú.

2 Go n-aistreofaí fócas Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí agus a hOifige Ealaíon chuig ról níos straitéisí agus níos cumasaí, nach mbeadh chomh gafa céanna le forbairt clár, agus a bheadh níos rannpháirtí i dtacú le príomhbhonneagar ealaíon chun a n-acmhainneacht a bhaint amach, agus tosaíochtaí straitéiseacha Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí a bhaint amach. Teastaíonn an t-aistriú sin ar dhá chúis:

- Beidh ar Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí infheistíocht ioncaim a dhíriú ar na ceithre thionscadal príomhbhonneagair ealaíon agus ní bheidh am ná acmhainní suntasacha eile aici le hinfheistiú i gcláreagrú eile; agus
- Teastaíonn tacaíocht agus treoir straitéiseach shuntasach agus leanúnach ó na tionscadail príomhbhonneagair ealaíon ar fad chun go mbainfear a n-acmhainneacht amach.

Tá deiseanna ar leith ag baint leis na ceithre thionscadal bonneagair ealaíon a shainaithnítear agus tá dúshláin dhifriúla le sárú acu. Caithfear tacaíocht airgeadais le haghaidh gach ionaid a struchtúrú lena chinntiú go nglactar agus go dtéitear i ngleic leis na pointí SWOT agus na príomhcheisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu a thagann chun cinn do gach eagraíocht, mar a leagtar amach laistigh den tuarascáil seo.

Teastóidh bainistíocht chúramach ó chomhtháthú na dtionscnamh atá bunaithe ag an oifig ealaíon laistigh den bhonneagar atá ag teacht chun cinn chun a chinntiú go ndéantar cláir a thógtar in imeacht blianta fada a chothú agus a fhorbairt tuilleadh. Teastóidh struchtúir chomhpháirtíochta fhoirmiúla le haghaidh gach príomhthionscnaimh.

Beidh an dúshlán is mó ag baint leis an aistriú sin in Éadan Doire gach seans, áit a bhfuil an spás ealaíon a bheartaítear ina chuid de shaoráid bhardasach chomhtháite.

Cuireann an tionscadal Éadan Doire Cruthaitheach deis iontach ar fáil chun roghanna agus deiseanna don chláreagrú ealaín in Éadan Doire a fhiosrú agus a thaifeadadh, ionas gur féidir iad a bhainistiú agus a choinneáil ar bun tar éis 2024 (toisc go bhfuil tacaíocht mar thionscadal trí bliana ag Éadan Doire Cruthaitheach faoi láthair).

Teastaíonn fócas agus cur chuige struchtúrtha ón tús chun an deis sin a thapú. D'fhéadfadh go mbeadh na tionscnaimh agus na cláir sin a fhorbraíonn na hionaid ealaíon i mBiorra nó i dTulach Mhór/Loch na Buaraí go maith in Éadan Doire freisin nuair a léiríonn siad fócas comhroinnte, ach ba cheart don oifig ealaíon agus smaointeoireacht áitiúil bonn a chur faoi na comhpháirtíochtaí sin.

Is dóigh go ndéanfaidh an t-údarás áitiúil infheistíocht straitéiseach i dtionscnaimh ar fud an chontae fós (e.g. ealaíona na hóige agus ealaín sa tsláinte etc.) ach ba cheart go mbeadh sé soiléir cén chaoi a dtiocfadh na tionscnaimh sin leis an bpríomhbhonneagar ealaíon in Uíbh Fhailí. Meastar go mbeadh ról straitéiseach ag an údarás áitiúil freisin i dtaca le tacaíochtaí le haghaidh ealaíontóirí, cé go bhféadfadh an príomhbhonneagar ról comhpháirtíochta a imirt dó sin freisin.

## 3 Go dtacódh infheistíocht Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí i dtionscadail príomhbhonneagair ealaíon aitheanta le hailíniú le beartas na Comhairle Ealaíon anois agus amach anseo.

Is infheisteoir suntasach sna healaíona in Éirinn í an Chomhairle Ealaíon. Tugann sí treoir saineolaithe agus ceachtanna as gach cearn d'Éirinn freisin. Baineann sé sin le hionaid ealaíon, foirmeacha ealaíne agus cleachtais ealaíon.

I dtéarmaí ionaid ealaíon, mar shampla, sainaithníonn an Chomhairle Ealaíon gur cheart a chuimsiú le cur chuige bunaithe ar inniúlacht i leith ballraíocht boird:

- Eolas nó spéis i bhfoirm ealaíne ar leith;
- Taithí shonrach ar bhainistíocht gnó nó ghairmiúil (e.g. Acmhainní Daonna, bainistíocht agus tuairisciú airgeadais, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, dlí conartha);
- Cumarsáid agus caidreamh poiblí;
- Margaíocht agus bainistíocht brandála; agus
- Tiomsú airgid.

Tá na hinniúlachtaí sin thar a bheith tábhachtach d'fhorbairt na gceithre thionscadal príomhbhonneagair ealaíon in Uíbh Fhailí.

Ba cheart na tionscadail bonneagair a fhorbairt mar spásanna acmhainní freisin; mar shuíomhanna léirithe chultúrtha chomh maith le spásanna chun saothar ar camchuairt ó áit eile a chruthaíonn spreagadh nó siamsaíocht a léiriú. Aithnítear i mbeartas na Comhairle Ealaíon faoi ionaid ealaíon go ndéantar freastal níos fearr ar ealaíontóirí, rannpháirtithe agus lucht spéise nuair is féidir saothar a dhéanamh i raon áiteanna ar fud na hÉireann, agus cuireann miondifríocht réigiúnach le haitheantas agus úinéireacht an tsaothair. Ba cheart tacú leis na hionaid agus an bonneagar ealaíon in Uíbh Fhailí chun leas a bhaint as láidreachtaí a bpobal óstach, a gceantair máguaird agus an chontae.

## 4 Go gcuirfí cur chuige aontaithe ceannaireachta i bhfeidhm chun tacú leis an ról forbartha a theastaíonn don ionad nua ealaíon, Esker Arts, i dTulach Mhór agus Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí.

D'fhéadfaí costais a choigilt leis an gcur chuige sin, cé nach é sin an réasúnaíocht leis an moladh seo. Teastaíonn ceannaireacht láidir a bhfuil fís ag baint léi ó Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí agus an t-ionad ealaíon nua i dTulach Mhór. I dtéarmaí an chomhthéacs chultúrtha, tá a bhfuil ábhartha do Loch na Buaraí ábhartha d'Uíbh Fhailí agus dá bhrí sin ábhartha don ionad ealaíon nua i dTulach Mhór. Caithfidh tionscadal an ionaid ealaíon i dTulach Mhór feidhmiú le níos mó ná samhail soláthair seirbhíse agus glacadh le ról forbartha laistigh de na healaíona agus sa chontae. Is tionscadal casta í Páirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí i dtéarmaí úinéireachta, na tréimhse ó rinneadh aon ghníomhaíocht ann agus na staire agus imní aistrithe chóir a bhaineann léi. Ag teacht le beartas na Comhairle Ealaíon, cumasaíonn ionaid ealaíon léiriú saothair ar fud foirmeacha ealaíne agus, i gcomhthéacs iar-COVID, léirigh go leor ionaid ealaíon an acmhainneacht atá acu chun saothar agus imeachtaí lasmuigh den láthair a léiriú taobh amuigh de dhánlanna nó amharclanna.

Tá níos mó ná deich mbliana de dhíomhaointeas le feiceáil i gcláreagrú agus forbairt LBSP i ndáiríre, agus anois tá an pháirc dhealbhóireachta agus an t-ionad ealaíon nua ag roinnt túsphointe; tá sócmhainn dar luach na milliúin euro ar fáil don dá thionscadal agus is gá dóibh leas a bhaint as acmhainneacht na sócmhainne sin. Laistigh dá gcroí-shainchúram, ba cheart go mbeadh Stiúrthóir an ionaid ealaíon i dTulach Mhór freagrach freisin as treo coimeádaíochta agus forbartha Pháirc Dhealbhóireachta Loch na Buaraí freisin. Teastaíonn a struchtúir rialachais féin (agus a gcuntais bhainc féin) ón dá thionscadal bonneagair sin, ar mhaithe le soiléire agus trédhearcacht i leith ról agus freagrachtaí, sruthanna maoinithe agus infheistíochta.

Moltar go mbunófaí struchtúr cuideachta mar eintiteas dlíthiúil idir Bord na Móna agus Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, le Bord na Móna ag tabhairt thailte LBSP ar cheadúnas nó ar léas don eintiteas dlíthiúil nua. Ba cheart talamh d'fhorbairt LBSP (coimisiúin nua/tionscadail shealadacha) a áireamh sna socruithe léasa/ceadúnais chomh maith le forálacha d'úsáid agus rochtain ar LBSP agus freagrachtaí faoi seach as cothabháil LBSP, na saothair ealaíne in LBSP agus próisis le saothair ealaíne in LBSP a dhíchoimisiúnú.

Moltar go bhfeidhmeodh an t-eintiteas dlíthiúil nua mar an modh bainistíochta comhroinnte le haghaidh LBSP, ach go mbeadh sé i mbun comhpháirtíochta leis an ionad ealaíon nua i dTulach Mhór i gcás reáchtáil laethúil chláreagrú agus chur chun cinn LBSP. D'fhéadfaí comhaontú seirbhíse a úsáid don chomhpháirtíocht sin. I gcás an ionaid ealaíon nua i dTulach Mhór, thabharfaí saineolas i gcláreagrú cultúrtha, oideachas agus for-rochtain, margaíocht, bainistíocht imeachtaí agus réimsí eile chuig an tionscadal. Baineann an coigilteas costas féideartha leis an deis gan dhá struchtúr foirne iomlána a fhostú do dhá thionscnamh chomhlántacha a bheadh ag coimeád agus ag soláthar tionscadal ó chomhthéacs cultúrtha comhroinnte. Ní hé, mar sin féin, go mbeadh eagraíocht amháin in ann freastal go hiomlán ar an eagraíocht eile, agus caithfear mionmhachnamh a dhéanamh ar na riachtanais acmhainní beachta i dtéarmaí foirne agus cláreagraithe.

Bheadh ar an gcomhpháirtíocht agus an comhaontú seirbhíse a chinntiú freisin go mbaintear leas as luach LBSP i dtéarmaí a luacha don dioscúrsa náisiúnta agus idirnáisiúnta ar ealaín, sochaí, gníomhú ar son na haeráide agus inbhuanaitheacht; luach sóisialta do na pobail máguaird; agus luach branda do Bhord na Móna agus Lár na Tíre.

## 5 Go mbunódh agus go stiúrfadh Comhairle Chontae Uíbh Fhailí tionscnamh comhpháirtíochta chun tacú le comhar idir na tionscadail príomhbhonneagair ealaíon i mBiorra, Éadan Doire, Loch na Buaraí agus Tulach Mhór.

Leis an mbonneagar nua ag teacht i bhfeidhm, is gá do Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí díriú ar chaidrimh láidre a fhorbairt idir na tionscadail príomhbhonneagair agus an deis sin a thapú. Ba cheart tionscnamh idir Biorra-Éadan Doire-Loch na Buaraí-Tulach Mhór (BELT) a bhunú chun tacú le forbairt na gcaidreamh sin.

Ba cheart do thionscnamh BELT feidhmiú freisin mar fhóram comhoibríoch, ag teacht le chéile go ráithiúil agus ag déanamh machnamh ar dheiseanna a bhaineann le cláreagrú i gcomhpháirt, tacaíocht d'ealaíontóirí, tionscnaimh taighde in áiteanna eile, tacú le hoiliúint/meantóireacht, agus comh-iarratais ar mhaoiniú.

Ba cheart díriú ar dtús ar stiúrthóirí na n-ionad ealaíon, príomhcheannasaí cláir an tionscadail Éadan Doire Cruthaitheach ina measc. Ó am go chéile d'fhéadfadh an comhar comhoibriú a fhorbairt le foireann ealaíon/chultúrtha eile nó le foireann nó feidhmeanna eile laistigh de na tionscadail príomhbhonneagair ach ba cheart do thionscnamh BELT díriú go príomha ar fhóram faoi stiúir stiúrthóirí le haghaidh na dtionscadal príomhbhonneagar ealaíon.

Teastaíonn ceannaireacht agus bainistíocht réamhghníomhach ó Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí do thionscnamh mar sin. Teastóidh buiséad beag freisin chun an líonra, ionchuir chomhroinnte mheantóireachta nó speisialtóra agus ceachtanna roinnte ó thionscadail ealaíon nó tionscnaimh ábhartha eile in Éirinn a óstáil.

*Comhairle Chontae Uíbh Fhailí*
Offaly County Council

offaly.ie/arts

the arts council
an chomhairle ealaíon

funding the arts
artscouncil.ie